Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe
ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications,
Climate Action & Environment

# Tuarascáil Bhliantúil 2016



www.dccae.gov.ie

Is féidir leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil a íoslódáil ó www.dccae.gov.ie

## Ráiteas Misin na Roinne

Is é atá de mhisean againn bonn treise a chur faoin dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta agus cuidiú leis an tír teacht in inmhe go hiomlán:

- trí shoirbhiú don fhorbairt ar an infreastruchtúr agus ar na margaí maidir le cúrsaí cumarsáide agus fuinnimh;
- trí cheannródaíocht a dhéanamh maidir leis an aistriú go dtí geilleagar náisiúnta atá inmharthanach, ísealcharbóin agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní;
- tríd an timpeallacht nádúrtha ar ardchaighdeán a chosaint agus a fheabhsú;
- trí úsáid inbhuanaithe agus thairbheach a bhaint as acmhainní nádúrtha na tíre; agus
- tríd an bhforbairt ar earnáil na craoltóireachta, an chraoltóireacht phoiblí agus phríobháideach araon, a chur chun cinn.

## Ár Luachanna

Beidh na luachanna a leagtar amach sa Phlean Athnuachana don Státseirbhís
mar bhonn agus mar thaca ag seachadadh na spriocanna agus na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo:

- Sainmheon daingean neamhspleáchais, ionracais, neamhchlaontacha, comhionnanais, cothromais agus measa sa tseirbhís phoiblí;
- Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead;
- Ardchaighdeáin gairmiúlachta, ceannasaíochta agus déine.

# Clár an Ábhair


**Ráiteas Misin na Roinne ..... 3**

**Réamhrá an Aire ..... 5**

**Ráiteas an Ard-Rúnaí ..... 7**

**Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2016 ..... 9**

**Cuspóir Ardleibhéil 1: Cumarsáid ..... 16**

**Cuspóir Ardleibhéil 2: Craoltóireacht agus na Meáin ..... 24**

**Cuspóir Ardleibhéil 3: Post ..... 27**

**Cuspóir Ardleibhéil 4: An Comhshaol ..... 29**

**Cuspóir Ardleibhéil 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh ..... 34**

**Cuspóir Ardleibhéil 6: Acmhainní Nádúrtha ..... 45**

**Cuspóir Ardleibhéil 7: Rialachas agus Oibríochtaí ..... 53**

**Aguisín A: Struchtúr na Roinne ag deireadh na bliana 2016 ..... 58**

**Aguisín B: Vóta 29 – Meastacháin agus Caiteachas Sealadach 2016 ..... 60**

**Aguisín C: Reachtaíocht ..... 63**

**Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh ..... 66**

**Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne ..... 71**

**Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála ..... 74**

**Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha ..... 75**

# Réamhrá an Aire



Fáiltím roimh fhoilsiú na tuarascála bliantúla seo ina leagtar amach gníomhaíochtaí, éachtaí agus feidhmíocht na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in 2016.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2016 ar réimse ceanglas a leagtar síos i gClár an Rialtais, lena n-áirítear:

- Dul chun cinn ar an bpróiseas soláthair don idirghabháil a mhaoineoidh an Stát le haghaidh Phlean Leathanbhanda Náisiúnta an Rialtais;
- Tuarascáil an tascfhórsa fón póca agus leathanbhanda a fhoilsiú, ina dtugtar breac-chuntas ar réimse gníomhartha gearrthéarmacha a ceapadh chun easnaimh a leigheas agus seirbhís a fheabhsú sna réimsí sin;
- Comhaontú Pháras a shíniú agus a dhaingniú; is é sin an chéad chomhaontú cuimsitheach faoin athrú aeráide ar domhan atá ceangailteach ó thaobh an dlí.
- An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhunú go foirmiúil, comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh faoin Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015;
- Ráiteas Náisiúnta Bliantúil an Athraithe a sheachadadh do dhá Theach an Oireachtais den chéad uair, ráiteas a éilítear faoin Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015;
- €2m a chur leis an gCiste Glas don Aeráid;
- Caiteachas €55 milliún i dtacaíocht deontais Rialtais faoin gClár um Fhuinneamh Níos Fearr; ba é an toradh a bhí air sin ná gur uasghrádaíodh an éifeachtúlacht fuinnimh i mbeagnach 24,000 teach agus in 385 foirgneamh pobail agus tráchtála;
- Scéim phíolótach nua "Teasa agus Folláine" chun uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh doimhne a sholáthar do dhaoine a bhfuil géar-riochtaí riospráide ag gabháil dóibh agus a bhfuil drochbhail ar a n-áit chónaithe.
- Straitéis nua le Dul i nGleic le Tearcrochtain Fuinnimh ina leagtar amach an chaoi a dtógfaidh an Rialtas ar an méid a baineadh amach go dtí seo chun tearcrochtain fuinnimh a mhaolú.

Rinneadh dul chun cinn an-suntasach ar réimse tosaíochtaí gnó eile de chuid na Roinne freisin.
Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann na Roinne i rith 2016. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Aire Stáit Seán Kyne T.D., leis an Oireachtas, le foireann na Roinne agus

Comhlachtaí Stáit faoina cúram, agus le páirtithe leasmhara eile, agus muid ag tabhairt faoin gclár oibre dúshlánach a leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016-2019 na Roinne.

**Denis Naughten, T.D.**

**An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil**

## Ráiteas an Ard-Rúnaí



Bunaíodh an Roinn nua Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i mí na Bealtaine 2016 agus áirítear inti anois feidhmeanna breise i réimsí an athraithe aeráide, bainistíochta dramhaíola, éifeachtúlacht acmhainní, cháilíocht an aeir agus beartas comhshaoil.

Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2016 na mór-réimsí gníomhaíochta agus an dul chun cinn a rinneadh ar fud na n-earnálacha a bhfuil an Roinn freagrach astu. Tugtar achoimre ar na príomhthorthaí in 2016 chomh maith le buaicphointí na gclár faoi gach ceann de na straitéisí agus cuspóirí ardleibhéil i Ráiteas Straitéise athchumraithe na Roinne le haghaidh 2016 go 2019.

Tá ról lárnach ag an Roinn i dtaca le beartais agus cláir a sheachadadh, beartais agus cláir a mbaineann tábhacht straitéiseach náisiúnta shuntasach leo, agus atá riachtanach dár bhforbairt náisiúnta gheilleagrach agus inbhuanaithe.

Cé gurb é Clár an Rialtais bonn agus taca cuid mhór den obair a dhéanann an Roinn, is léir ón tuarascáil bhliantúil go bhfuil réimse móra eile oibre ar bun sa Roinn:

- Tacú le fiontraíocht áitiúil trí Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne de chuid na Roinne. Ar an iomlán, faoi dheireadh 2016, bhí dearbháin bronnta ar 3,000 gnóthas chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt a gcumais trádála ar líne.
- Rannpháirtíocht dhigiteach a fheabhsú. Go mall in 2016, thug an Roinn isteach an Clár chun Saoránaigh a Chur chun Siúil ar Líne a dhírítear ar shaoránaigh a spreagadh agus a chumasú le páirt iomlán a ghlacadh i ngeilleagar agus i sochaí dhigiteach. Áirítear sa Chlár an Scéim nua maidir le Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a thagann i gcomharba ar an gclár Tair*Fe* agus a thógann air.
- Meáin ilghnéitheach agus iolraíoch a chinntiú. Fuarthas sé fhógra faoi chumaisc bheartaithe meán i rith 2016. Astu sin, cheadaigh an tAire cúig cinn gan choinníollacha, i ndiaidh scrúdú ar an gcéad chéim. Bhí an séú ceann ag dul faoin scrúdú céad chéime ag deireadh na bliana.
- Samhail inbhuanaithe maoinithe a chinntiú do An Post. Foilsíodh an Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2016 i mí na Nollag 2016 agus foráiltear ann d’aisghairm na meicníochta caidhp phraghais le haghaidh seirbhísí uilíocha poist.

- Tacú le sochaí athchúrsála. Cheadaigh an tAire Seirbhísí Comhshaoil Feithiclí a bhfuil a Ré Caite CLG mar an scéim nua comhlíonta agus í i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017.
- Saothrú inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha a chinntiú. Bronnadh 32 rogha cheadúnúcháin peitriliam i rith 2016. Bronnadh 28 de na roghanna ceadúnúcháin sin de bhun Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh in 2015.

Níl sna samplaí thuas ach tacar beag d'éachtaí na Roinne in 2016.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus díograis láidir na foirne sa Roinn agus a chur in iúl gur mór agam an dea-chaidreamh atá againn le gníomhaireachtaí agus cuideachtaí Stáit na Roinne. Tá ról mór ag na gníomhaireachtaí agus cuideachtaí sin ó thaobh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair i bpríomhréimsí straitéiseacha agus beartais.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an tacaíocht leanúnach a fhaigheann an Roinn ón Aire Denis Naughten, T.D. agus ón Aire Stáit Seán Kyne, T.D.

**Mark Griffin**

**An tArd-Rúnaí**

# Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2016

## Cumarsáid

- Ag deireadh 2016, bhí 1.7 milliún duine ag íoc as leathanbhanda teaghlaigh faoi dheireadh na bliana. Bhí líon na n-úsáideoirí leathanbhanda tí in Éirinn (fosaithe agus soghluaiste), ag 83%, níos airde ná meán an AE28, 80%, faoi dheireadh 2016.
- Tá an earnáil teileachumarsáide tráchtála tar éis níos mó ná €2.5 billiún a infheistiú in uasghrádú líonraí agus i seirbhísí feabhsaithe ó 2012 i leith agus tá fáil ag thart ar 1.4 milliún den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn anois ar sheirbhísí ardluais de 30mbps ar a laghad.
- Lean an Roinn ar aghaidh ag cur obair ar Phlean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais chun cinn, a chuimseoidh idirghabháil a mhaoineoidh an Stát chun a chinntiú, maidir le ceantair sa tír nach mbainfidh tairbhe as infheistíocht thionscal na teileachumarsáide i seirbhísí ardluais, go mbeidh fáil acu sin freisin ar sheirbhís leathanbhanda ardluais a bheidh nua-aimseartha agus iontaofa.
- Foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda agus áirítear ann 40 gníomh chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i gclúdach leathanbhanda agus fón póca agus chun an chaoi a bhféadfaí seirbhísí níos fearr a thabhairt do chustaiméirí a fhiosrú.
- Lean Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne de chuid na Roinne ar aghaidh ag tacú le gnóthaí beaga. Ar an iomlán, faoi dheireadh 2016, bhí dearbháin bronnta ar 3,000 gnóthas chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt a gcumais trádála ar líne. Bhain níos mó ná 7,000 gnó leas as comhairle agus tacaíocht piara le piara trí bheith páirteach sna seisiúin eolais a thug na hOifigí Fiontair Áitiúil faoin scéim.
- Go mall in 2016, thug an Roinn isteach an Clár chun Saoránaigh a Chur chun Siúil ar Líne a dhírítear ar shaoránaigh a spreagadh agus a chumasú le páirt iomlán a ghlacadh i ngeilleagar agus i sochaí dhigiteach. Áirítear sa Chlár an Scéim nua maidir le Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a thagann i gcomharba ar an gclár Tair*Fe* agus a thógann air. Ar an iomlán, chuir an clár Tair*Fe* beagnach 160,000 áit oiliúna i litearthacht dhigiteach ar fáil, agus cuireadh 16,000 díobh siúd ar fáil in 2016.
- I gcaitheamh 2016, choinnigh an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh air ag infheistiú i dtionscnaimh nuálaíochta digití, ar cruthaíodh fiontair nua dá bharr, trína chláir infheistíochta agus thacaíochta. Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach spás oifige agus tacaí fiontraíochta ar fáil do 97 cuideachta dhigiteach (a léiríonn ráta áitíochta 95%). Fostaíodh 707 duine ag cnuasach an Mhoil Dhigitigh.

- Láimhseáil an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála níos mó ná 1.76 milliún glaoch in 2016 agus tá aga freagartha na seirbhíse fós ar cheann de na cinn is tapúla san Eoraip. Cuireadh tús le soláthar poiblí le haghaidh Oibritheoir nua don tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála sa tríú ráithe de 2016 agus bhí idirphlé le tairgeoirí le haghaidh an chonartha ar bun ag deireadh na bliana.
- Leagadh snáithín i nduchtra feadh phíblíne gháis na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus tá sé ar fáil le húsáid.

## Craoltóireacht/Post

- Rinneadh suim iomlán €179.2 milliún a ranníoc le RTÉ, trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse, chun aschuir i dtaca le cláir de a mhaoiniú.
- Rinneadh suim iomlán €26.1 milliún de mhaoiniúchán státchiste agus €9.3 milliún de mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse a sholáthar do TG4 chun gealltanais i ndáil le cláir a chomhlíonadh, lena n-airítear 4.55 uair an chloig de chláir Ghaeilge nua a sholáthar gach lá.
- Rinneadh deontais €13.65 milliún a sholáthar don Chiste Craolacháin ó mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse agus úsáideadh iad chun tacú le tionscadail in earnáil na meán fuaime agus na meán closamhairc.
- Fuarthas sé fhógra faoi chumaisc bheartaithe meán i rith 2016. Astu sin, cheadaigh an tAire cúig cinn gan choinníollacha, i ndiaidh scrúdú ar an gcéad chéim. Bhí an séú ceann ag dul faoin scrúdú céad chéime ag deireadh na bliana.
- Foilsíodh an Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2016 i mí na Nollag 2016. Foráiltear sa Bhille d'aisghairm na meicníochta caidhp phraghais le haghaidh seirbhísí uilíocha poist.
- Tá Eircode comhtháite anois i dtáirgí/feidhmchláir loingseoireachta satailíte Google Maps a chabhraíonn le seoltaí a aimsiú go cruinn beacht agus treoracha a fháil ar réimse gairis shoghluaiste agus ríomhairí pearsanta.

## An Comhshaol

- Comhdhlúthaíodh na struchtúir nua réigiúnacha le haghaidh forfheidhmiú dramhaíola, na hÚdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i rith 2016. Tá na hÚdaráis sin freagrach as gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú ina réigiúin féin, agus comhchuspóirí a leagan síos le haghaidh forfheidhmiú dramhaíola. Déanann Coiste Náisiúnta Stiúrtha maoirsiú ar obair na nÚdarás, agus déanann an Roinn cathaoirleacht ar an gcoiste sin.

- Leanadh ar aghaidh le dul chun cinn maidir le sochaí athchúrsála a dhéanamh d'Éirinn. Forbraíodh critéir nua le hullmhú le haghaidh eagraíochtaí athúsáide trealamh leictreach agus leictreonach dramhaíola (WEEE) chun tacú le margadh spleodrach athúsáide a fhorbairt in Éirinn. Rinne Comhairle na hÉireann-na Breataine machnamh ar dhramhaíl bia agus thacaigh siad leis an ngá atá le céimeanna praiticiúla i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun dramhbhia in aghaidh an duine a laghdú faoina leath faoi 2030.
- Cheadaigh an tAire Seirbhísí Comhshaoil Feithiclí a bhfuil a Ré Caite CLG, nó ELVES CLG, mar an scéim nua comhlíonta agus í i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017. Tá ELVES CLG freagrach as córas náisiúnta bailithe d'Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite a bhunú agus as na spriocanna a leagtar síos sa Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite a bhaint amach.
- Chun forfheidhmiú na bhforálacha comhshaoil a bhaineann le tuaslagáin, péinteanna agus táirgí guail a chumasú agus chun tacú leis, tugadh isteach sraith fógraí um íocaíocht shocraithe as forálacha an Achta um Thruailliú Aeir a shárú.
- D'fhoilsigh an Roinn tuarascáil a d'ullmhaigh an Institiúid Náisiúnta le haghaidh Sláinte Phoiblí agus an Chomhshaoil san Ísiltír (RIVM) ar an eolas reatha eolaíoch ar iarmhairtí féideartha an nochta do réimsí leictreamaighnéadacha. D'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta tuarascáil freisin, i mí na Samhna 2016, faoin tionchar geilleagrach a d'fhéadfadh timpiste núicléach a imirt ar Éirinn.
- D'eagraigh an Roinn imeacht tiomnaithe oiliúna ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol le haghaidh oifigigh na n-údarás poiblí a cuireadh i láthair thart ar 110 lucht freastail ó 41 údarás poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2016.
- Tugadh faoi dhá chomhairliúchán phoiblí sa cheathrú ráithe de 2016 chun Tuarascálacha Náisiúnta Cuir i bhFeidhm a chur i gcrích do Choinbhinsiún Aarhus agus Prótacal maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán. Cuireadh na Tuarascálacha Náisiúnta Cuir i bhFeidhm faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe le haghaidh Rúnaíocht Eorpach Choinbhinsiún Aarhus agus tá siad ar fáil ar shuíomh na Roinne.
- Cuireann Scéim na nDeontas um Fheasacht in aghaidh an Bhruscair agus Graifítí maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun tabhairt faoi thionscnaimh feasachta agus oideachais don phobal ar leibhéal áitiúil i dtaca le bruscar agus graifítí. Leithdháil an Roinn €690,000 i ndeontais faoin Scéim le haghaidh 2016.
- Tacaíonn Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21 le tionscnaimh chomhshaoil a dhéanann pobail, daoine aonair agus grúpaí neamhbhrabúis. Chuir an Roinn maoiniú €400,000 ar fáil don Scéim in 2016. Cuireann údaráis áitiúla maoiniú meaitseála ar fáil agus tugann foinsí

príobháideacha maoiniú freisin. In 2016, nuair a cuireadh na trí fhoinse maoinithe le chéile, tugadh maoiniú os cionn €1.4m tríd an Scéim agus tacaíodh le breis agus 700 tionscadal.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh

- Shínigh agus dhaingnigh Éire Comhaontú Pháras an 22 Aibreán agus an 4 Samhain 2016 faoi seach; is é sin an chéad chomhaontú cuimsitheach faoin athrú aeráide ar domhan atá ceangailteach ó thaobh an dlí. Cheadaigh an tAontas Eorpach Comhaontú Pháras agus dá bhrí sin tháinig sé i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.
- Bunaíodh go foirmiúil i mí Eanáir 2016 an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh faoin Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015. Is é ról na Comhairle Comhairlí comhairle agus moltaí a chur ar fáil d'Airí agus don Rialtas ar cheapadh beartas oiriúnaithe agus maolaithe le haghaidh an athraithe aeráide.
- Sheachaid an tAire Ráiteas Náisiúnta Bliantúil an Athraithe do dhá Theach an Oireachtais den chéad uair i mí na Nollag 2016, ráiteas a éilítear faoin Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015.
- Ag súil le Creat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin reachtúil a fhorbairt in Éirinn den chéad uair, tugadh faoi chomhairliúchán poiblí ar an bpróiseas sin i mí an Mhárta 2016, ag féachaint le bonn eolais a chur faoin obair forbartha atá ar bun don chreat.
- Foilsíodh Treoirlínte le haghaidh na nÚdarás Áitiúil chun straitéisí oiriúnaithe aeráide a fhorbairt i mí na Bealtaine 2016. Is é cuspóir na dtreoirlínte sin tacú le húdaráis áitiúla agus iad ag forbairt straitéisí oiriúnaithe athraithe aeráide áitiúla, agus é d'aidhm acu comhleanúnachas idir na straitéisí a fhorbraítear go háitiúil agus go náisiúnta a chothú.
- Lean an Roinn ar aghaidh lena rannchuidiú le Maoiniú Idirnáisiúnta Aeráide, tríd an chéad ranníocaíocht (€2m) ó Éirinn a chur leis an gCiste Glas don Aeráid;
- Rith an tOireachtas an tAcht Fuinnimh, 2016 i mí Iúil 2016. Áirítear ann forálacha chun cumhachtaí an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh a bhreisiú agus chun soláthar rialacha nua faoi mhargadh leictreachais mórdhíola a éascú don Margadh Leictreachais Aonair ar fud oileán na hÉireann.
- Infheistíodh €55 milliún i dtacaíocht deontais Rialtais faoin gClár um Fhuinneamh Níos Fearr; ba é an toradh a bhí air sin ná gur uasghrádaíodh an éifeachtúlacht fuinnimh i mbeagnach 24,000 teach agus in 385 foirgneamh pobail agus tráchtála; Sholáthair sé sin coigilteas fuinnimh 182 GWh, laghdaíodh astuithe $CO_2$ 45 kt$CO_2$ agus laghdaíodh billí fuinnimh €11.6 milliún in 2016.

- Seoladh scéim phíolótach nua "Teasa agus Folláine" chun uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh doimhne a sholáthar do dhaoine a bhfuil géar-riochtaí riospráide ag gabháil dóibh agus a bhfuil drochbhail ar a n-áit chónaithe.
- Tháinig an chéad tréimhse den Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh (2014-2016) chun críche agus an tionscal fuinnimh tar éis coigilteas fuinnimh 1,868 GWh a sholáthar, a sháraigh an sprioc 1,650 GWh go héasca. Is ionann an coigilteas sa chéad chéim den scéim agus an méid fuinnimh a ídíonn thart ar 100,000 áit chónaithe.
- Suiteáladh thart ar 350 MW de chumas leictreachas in-athnuaite i rith na bliana. Cuireadh 174 milliún lítear de bhithbhreoslaí inbhuanaithe ar mhargadh breosla an iompair bóthair agus tugadh cúnamh deontais do 638 feithicil leictreach nua in 2016.
- Foilsíodh Straitéis nua le Dul i nGleic le Tearcrochtain Fuinnimh ina leagtar amach an chaoi a dtógfaidh an Rialtas ar an méid a baineadh amach go dtí seo chun tearcrochtain fuinnimh a mhaolú.
- Léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil 2016 maidir le Feidhmíocht na hEarnála Poiblí i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go raibh comhlachtaí na hearnála poiblí ag tuairisciú feabhsuithe 21% ar éifeachtúlacht fuinnimh – 2,442 GWh – faoi dheireadh 2015. Chuir an Roinn seo €1.9 milliún ar fáil mar thacaíocht in 2016 chun cabhrú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí tógáil air sin. I mí na Nollag 2016 cheadaigh an Rialtas Straitéis um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, an chéad straitéis dá leithéid in Éirinn.
- Soláthraíodh €1.6 milliún i maoiniú státchiste chun tacú le gnóthaí, idir bheag agus mhór, a dteastaíonn uathu a n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

## Acmhainní Nádúrtha

- In 2015, níor tháinig ach 3% de riachtanais gáis nádúrtha na hÉireann ó tháirgeadh dúchasach. In 2016 i ndiaidh na chéad bliana iomláine de tháirgeadh i ngáscheantar na Coiribe, a d'oibrigh Corrib Partners, mhéadaigh an figiúr sin go dtí os cionn 55%. Go gearrthéarmach, soláthróidh gáscheantar na Coiribe os cionn leath de riachtanais gáis nádúrtha an Stáit.
- Bronnadh 32 rogha cheadúnúcháin peitriliam i rith 2016. Bronnadh 28 de na roghanna ceadúnúcháin sin de bhun Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh in 2015. Ba é sin an líon ba mhó roghanna ceadúnúcháin a bronnadh riamh i mbliain ar bith nó ar aon bhabhta ceadúnúcháin a reáchtáladh amach ó chósta na hÉireann.
- I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tuarascáil Comhchlár Taighde ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith le taiscéaladh neamhghnách gáis ar an gcomhshaol agus ar shláinte an chine dhaonna. Tugadh breac-chuntas sa taighde a stiúir an

Ghníomhaireacht ar shaincheisteanna nach bhfuil réitithe go fóill, lena n-áirítear imní faoi chaighdeán an aeir agus screamhuisce. Tá an moratóir ar Thaiscéaladh agus Eastóscadh Neamhghnách Gáis a fógraíodh in 2011 fós i bhfeidhm.

- Ba í Éire an tríú táirgeoir is mó de shinc san Eoraip i rith 2016. Is é Mianach na Teamhrach, ina bhfuil thart ar 600 duine fostaithe, an mianach since is mó san Eoraip agus ceann de na mianaigh is mó ar domhan.
- Bhí earnáil ghníomhach taiscéalaíochta mianraí ag oibriú in Éirinn in 2016, agus bhí 567 ceadúnas sirtheoireachta i bhfeidhm ag deireadh 2016.
- D'éirigh Mianach an Lisín as an táirgeadh ag deireadh 2015. I rith 2016, lean an Roinn ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le Comhairle Contae Thiobraid Árann lena chinntiú go gcloífear leis na coinníollacha comhshaoil agus pleanála ar fad a bhaineann le dúnadh an mhianaigh, chomh maith leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Forbartha Mianraí.
- Leanadh le saincheisteanna atá ann le tamall maidir le hobair feabhais ag láithreáin stairiúla mianaigh in 2016 in Abhóca, agus leanadh le clár oibreacha tosaíochta shábháilteacht agus shláinte an phobail. Chaith an Roinn €1.3 milliún ar na hoibreacha sin in 2016.
- Rinneadh athbhreithniú seachtrach dearfach in 2016 ar Chéim 1 den Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige (INFOMAR) agus cuireadh tús le Céim 2 a chuirfidh léarscáiliú uiscí uile na hÉireann i gcrích. Leathnaíodh Clár léarscáilithe Tellus le suirbhéireacht ón aer ar Ghaillimh agus Maigh Eo Theas. Cuireadh tús le clár nua monatóireachta agus samhaltaithe do thuilte screamhuisce agus turlach mar fhreagra ar na tuilte in 2015 agus 2016. Thuairiscigh SGÉ tuilleadh dul chun cinn freisin trí chnuasach gnó Gheo-eolaíocht Éireann, agus 179 post glan curtha leis ag baill go dtí seo.
- In 2016, d'earcaigh Lárionad nua na hÉireann um Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha os cionn 70 taighdeoir. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann, earnáil na tionsclaíochta agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag tacú leis an lárionad nua seo. Chuir SGÉ tús le comhoibrithe taighde le Fulbright agus thacaigh sí le 40 tionscadal acadúil agus le gnóthais bheaga agus mheánmhéide.
- Chuir an Roinn €26.8 milliún ar fáil do Iascach Intíre Éireann in 2016 chun tacú le cosaint, caomhnú agus forbairt acmhainn iascach intíre na hÉireann, na n-iasc agus a ngnáthóg. In 2016, leithdháil Iascach Intíre Éireann os cionn 188,000 saothar uaire duine chun acmhainn iascaigh na hÉireann a chosaint ina chlár cosanta iascaigh, a chuimsigh patróil bheartaithe de lá agus d'oíche, patróil faoi cheilt agus oibríochtaí faireachais a stiúir faisnéis.

- Mar thacaíocht don Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta, a seoladh in 2015, sholáthair an Roinn €500,000 d'Iascach Intíre Éireann go sonrach do 50 tionscadal bunaithe sa phobal ar fud na tíre.



# Cuspóir Ardleibhéil 1: Cumarsáid

Cur le fás agus forbairt leanúnach gheilleagar agus shochaí na hÉireann ach leanúint ar aghaidh ag forbairt bonneagar daingean, nuálach agus slán do sheirbhísí agus cumarsáid dhigiteach.

Tacaíonn an Roinn le fás geilleagrach, le fostaíocht, le hiomaíochas agus le cuimsí sóisialta trí raon beartas agus rialachán a cheaptar chun sochaí ina bhfuil níos mó nascacht dhigiteach a éascú. Áirítear leis sin pleananna chun a chinntiú go bhfuil leathanbhanda d'ardchaighdeán ar fáil do gach saoránach, trí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i measc saoránach agus gnólachtaí a chur chun cinn, agus trí thacú le fiontair dhigiteacha.

## An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Tá sé d'aidhm ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a chinntiú go bhfuil fáil ag gach saoránach agus gnó, beag beann ar a láthair, ar sheirbhís leathanbhanda ardluais d'ardchaighdeán. Tá sé sin á bhaint amach trí mheascán d'infheistíocht tráchtála ag cuideachtaí teileachumarsáide agus tógáil líonraí Státmhaoinithe i limistéir nach bhfuil cuideachtaí tráchtála ag infheistiú iontu.

Tá an earnáil teileachumarsáide tráchtála tar éis níos mó ná €2.5 billiún a infheistiú in uasghrádú líonraí (€3.3bn ag cur ceant speictrim mhóibíligh san áireamh) agus i seirbhísí feabhsaithe ó 2012 i leith agus tá fáil ag thart ar 1.4 milliún den 2.3 milliún áitreabh in Éirinn anois ar sheirbhísí ardluais de 30mbps ar a laghad. Infheistíochtaí thar a bheith suntasach iad sin a léiríonn athrú céime ar chaighdeán na seirbhísí atá ar fáil. Ní i limistéir uirbeacha amháin atá na hinfheistíochtaí seo á ndéanamh – tá bailte i ngach contae in Éirinn uasghrádaithe, le trí bliana anuas go háirithe.

Thosaigh an próiseas soláthair d'Idirghabháil Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda i mí na Samhna 2015, le foilsiú Ceistneoir Réamhcháilithe agus Meamram Faisnéise don Tionscadal, agus lean sé ar aghaidh in 2016 agus cuireadh roinnt céimeanna den phróiseas soláthair i gcrích go rathúil. Cuireadh an chéim Réamhcháilithe i gcrích i mí an Mheithimh, agus cuireadh trí thairgeoir as cúig cinn ar ghearrliosta chun leanúint ar aghaidh i gcéim an idirphlé iomaíoch sa phróiseas. I mí an Mheithimh freisin, rinne an Rialtas cinneadh faoin tsamhail úinéireachta, agus roghnaíodh an tsamhail spreagtha tráchtála (an tsamhail "Maoinithe Bearna"). Ag deireadh 2016 bhí an dian-idirphlé iomaíoch leis an trí thairgeoir ar an ngearrliosta ar bun.

Mar gheall ar mhonatóireacht na Roinne ar dhul chun cinn na n-oibreoirí tráchtála ag cur seirbhísí leathanbhanda ardluais ar fáil ar bhonn céimnithe, rinne an tAire cinneadh i mí na Samhna 2016 84,500 áitreabh a thabhairt ar ais i limistéar Idirghabhála an Stáit, áit nach ndearna na hoibreoirí tráchtála an infheistíocht bheartaithe. Ag deireadh na bliana, bhí an Roinn fós ag measúnú togra a fuair sí ó eir i mí Dheireadh Fómhair chun leathanbhanda ardluais a thabhairt amach chuig 300,000 áitreabh eile faoin tuath in Éirinn ar bhonn tráchtála.

## An Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda

Ar feitheamh chur i bhfeidhm céimnithe an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá roinnt tionscnamh ar bun chun caighdeán na seirbhísí fón póca agus sonraí a bhreisiú ar fud na hÉireann agus faoin tuath go háirithe.

I ndiaidh tiomantas don Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda a chur i gClár an Rialtais i mí Iúil 2016, bhunaigh an tAire Tascfhórsa chun réitigh láithreacha ar easnamh i gclúdach leathanbhanda agus fón póca a shainaithint agus chun an chaoi a bhféadfaí seirbhísí níos fearr a sholáthar do chustaiméirí roimh thógáil agus cur i bhfeidhm iomlán an ghréasáin a bheartaítear faoi idirghabháil Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa, ina bhfuil 40 gníomh, i mí na Nollag 2016 agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Tá tionscnaimh uile ar bun chun seirbhísí a bhreisiú ar fud an Stáit. Shínigh an tAire rialacháin a thugann cead do ComReg leanúint ar aghaidh le leithdháileadh 2017 speictrim sa bhandaspeictream raidió 3.6 GHz. Soláthróidh sé sin méadú 86% sa speictream iomlán atá ar fáil do sheirbhísí móibíleacha agus do sheirbhísí daingnithe gan sreang.

I Meastacháin na Roinne le haghaidh 2017, dhaingnigh an tAire foráil €8 milliún do RTÉ chun spás a chruthú ar an mbandaspeictream 700 MHz. Déanfaidh ComReg pleananna dá réir chun an speictream sin a leithdháileadh chun clúdach móibíleach thar a bheith breisithe a sholáthar. Oireann an banda 700 MHz go háirithe do cheantair thuaithe inar féidir leis an gcomhartha taisteal thar achar fada.

## Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh

Ghlac an Coimisiún Eorpach leis an straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh ar an 6 Bealtaine 2015. Is é aidhm an Choimisiúin ná Margadh Aonair Digiteach a chruthú ina gcinnteofar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil, agus ina mbeidh saoránaigh agus gnóthaí in ann teacht ar earraí agus seirbhísí ar líne go réidh agus go cóir, cuma cén tír arb as iad nó cá bhfuil siad ina gcónaí. Creideann an Coimisiún gur féidir leis an Margadh Aonair Digiteach €415

billiún a chur le geilleagar na hEorpa, rud a chuirfidh borradh faoi phoist, fás, iomaíocht, infheistíocht agus nuálaíocht.

Comhordaíonn Roinn an Taoisigh an Margadh Aonair Digiteach in Éirinn i dteannta an Choiste Idir-rannaigh ar an Margadh Aonair Digiteach. Tá an Roinn sin freagrach as comhaid a chur chun cinn i réimsí na teileachumarsáide, na cibearshlándála, na craoltóireachta, na seirbhísí poist agus an ríomh-phríobhaideachais. In 2016 thángthas ar chomhaontú faoi shainmhíniú ar Bheartas um Úsáid Chóir le haghaidh Fánaíocht mar a Dhéanfá sa Bhaile san Aontas Eorpach a thosóidh an 15 Meitheamh 2017, chomh maith leis an gcomhad faoin speictream 700 MHz.  Ba cheart go gcomhaontófaí WIFI4EU in 2017 chomh maith le Cód nua na hEorpa um Chumarsáid Leictreonach.

## Líonraí Cathrach

Cuimsítear sna Líonraí Cathrach atá faoi úinéireacht an Stáit gréasáin mhórdhíola snáithín i 94 cathair réigiúnach agus baile ar fud na hÉireann.  Lean an Roinn ar aghaidh ag maoirsiú imeachtaí enet, an tAonán Bainistíochta Seirbhísí a bhainistíonn, a chothaíonn agus a oibríonn na Líonraí Cathrach thar ceann an Stáit.  Faoi dheireadh 2016, bhí 85 cinn as an 88 Líonra Cathrach á n-úsáid ag 65 oibreoir cumarsáide tráchtála, a raibh soláthar seirbhísí teileachumarsáide agus leathanbhanda do chustaiméirí ar ghréasán snáithín na Líonraí Cathrach mar thoradh air.

I dtreo dheireadh 2016, chuir an Roinn athbhreithniú inmheánach i gcrích ar Chlár na Líonraí Cathrach, lenar bhain athbhreithniú iardhearcach ar chomh maith is a d'éirigh leis na Líonraí Cathrach i dtaca lena gcuspóirí beartais a bhaint amach, agus measúnú ar a ról sa todhchaí agus socruithe rialachais.   Léiríodh san athbhreithniú go raibh, agus go bhfuil fós, ról tábhachtach ag na Líonraí Cathrach ó thaobh na réigiúin a dhéanamh iomaíoch agus mealltach d'infheistíocht dhíreach eachtrach.  Mar gheall gur cruthaíodh gréasán snáithín na Líonraí Cathrach tá soláthraithe seirbhís idirlín, idir bheag agus mhór, in ann freagairt don fhás leanúnach ar éileamh ar chumas bandaleithid.  Tá leanúnachas i soláthar sheirbhísí na Líonraí Cathrach tábhachtach chun seirbhísí leathanbhanda iomaíoch ardchumais a chur ar fáil go leanúnach sna réigiúin.

## Tionscadal Snáithín na Gaillimhe-Mhaigh Eo

Tá Tionscadal Snáithín na Gaillimhe-Mhaigh Eo le taobh na píblíne gáis a cheanglaíonn críochfort gáis na Coiribe i Maigh Eo Thuaidh leis an Eangach Náisiúnta ag Creachmhaoil i gCo. na Gaillimhe. Soláthróidh an tionscadal nascacht ardluais chun tacú le seirbhísí feabhsaithe leathanbhanda do ghnóthaí agus daoine i gcuid den Stát nach raibh go leor snáithín inti san am a caitheadh. Críochnaíodh cur an tsnáithín, a mhaoinigh agus a d'eagraigh Shell E and P Ireland, beagnach ar fad in 2016 agus tá seirbhísí snáithín dhorcha ar fáil idir Baile an Mhóinín i gCo. na Gaillimhe agus Crois Mhaoilíona Seinn i gCo. Mhaigh Eo.

## Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Láimhseáil an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála níos mó ná 1.76 milliún glaoch in 2016 agus tá aga freagartha na seirbhíse fós ar cheann de na cinn is tapúla san Eoraip. Cuireadh tús le soláthar poiblí le haghaidh Oibritheoir nua don tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála sa tríú ráithe de 2016 agus bhí idirphlé le tairgeoirí le haghaidh an chonartha ar bun ag deireadh na bliana.



## An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur glacadh digiteach chun cinn agus ag cur tionscnaimh i bhfeidhm faoin Straitéis Náisiúnta Dhigiteach i dtrí phríomhréimse – fiontar, saoránaigh agus oideachas.

## Trádáil ar Líne

In 2016, d'fhoilsigh an Roinn dhá thuarascáil inar léiríodh an tábhacht ollmhór atá le cúrsaí digiteacha le fás geilleagrach agus rachmas in Éirinn agus inar tarraingíodh aird ar na deiseanna suntasacha fáis le haghaidh gnóthaí a thugann faoi thrádáil dhigiteach. Léiríodh i dtuarascáil Indecon "Assessment of the macro-economic impact of the internet and digital on the Irish economy" gur ionann an geilleagar digiteach agus 6% (€12.3bn) d'olltáirgeacht intíre na hÉireann agus go bhfuil sé ag fás go tapa, agus go meastar go méadóidh sé go dtí os cionn €21 billiún faoi 2020. Caitheann tomhaltóirí na hÉireann thart ar €850,000 in aghaidh na huaire ar líne, 24 uair an chloig sa lá, mar sin tá ríthábhacht le tacú le gnóthaí Éireannacha chun trádáil ar líne ó thaobh an gheilleagair agus na fostaíochta de.

Lean Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne de chuid na Roinne ar aghaidh ag tacú le gnóthaí beaga a n-earraí agus seirbhísí a dhíol ar líne. Riarann 31 Oifig Fiontair Áitiúil an scéim. Bronnadh dearbhán ar 1,159 gnóthas in 2016 chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt a gcumais trádála ar líne. Bhain thart ar 3,300 gnó leas as comhairle agus tacaíocht piara le piara trí bheith páirteach sna seimineáir eolais a thug na hOifigí Fiontair Áitiúil faoin scéim.

Léirítear sa dara tuarascáil ón Roinn ar an thionchar fiontraíochta na scéime go bhfuil sí ag cabhrú le gnóthaí beaga fás 21% ar an meán, fostaíocht a mhéadú 35%, agus 60% ag easpórtáil den chéad uair. Tá trádáil dhigiteach ag cur le forbairt gheilleagrach réigiúnach inbhuanaithe, agus gnóthaí uirbeacha agus tuaithe ag baint na tairbhe céanna as an deis ar líne.

In 2016, thug an Roinn faoi athbhreithniú oibríochta ar an scéim, agus chuir sí tús le breithniú ar thionscnaimh chun an scéim a mhéadú go suntasach ionas gur féidir le níos mó gnóthaí tairbhe a bhaint as deiseanna digiteacha. Chuir an Roinn tús freisin le sraith imeachtaí réigiúnacha, i gcomhar leis na hOifigí Fiontair Áitiúil, chun na tairbhí a bhaineann le trádáil ar líne a thaispeáint, oiliúint a sholáthar agus feasacht ar thacaíocht an Rialtais a mhéadú.

## Scileanna agus Rannpháirtíocht Saoránach

Dírítear an Clár nua chun Saoránaigh a Chur chun Siúil ar Líne de chuid na Roinne ar shaoránaigh a spreagadh agus a chumasú le páirt iomlán a ghlacadh i ngeilleagar agus i sochaí dhigiteach. Áirítear sa Chlár an Scéim nua maidir le Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a thagann i gcomharbacht ar an gclár *T*air*F*e agus a thógann air. Sholáthair an clár *T*air*F*e os cionn 16,000 áit oiliúna i litearthacht dhigiteach in 2016.

I mí na Nollag 2016, i ndiaidh gairm iomaíoch ar thograí a thabhairt chun críche, bronnadh maoiniú deontais ar 15 eagraíocht dheonacha agus neamhbhrabúis faoin Scéim maidir le Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh chun oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar 26,000 saoránach nár úsáid an t-idirlíon riamh in 2017.  Cuirtear oiliúint ar fáil, saor in aisce, ar fad gach Contae agus dírítear í ar dhaoine atá níos sine ná 45 bliain d'aois, ar phobail feirmeoireachta, ar úinéirí gnóthaí beaga, ar dhaoine dífhostaithe, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

I rith 2017, bunóidh an Roinn creat comhpháirtíochta, le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus phríobháideach, chun cúnamh digiteach a sholáthar chun tacú le saoránaigh "níos mó a dhéanamh le cúrsaí digiteacha" ó lá go lá.  Ina theannta sin, tabharfar faoin tairbhe a bhaineann le cúrsaí digiteacha a chur chun cinn agus a chur ar shúile an phobail i gcomhar le comhpháirtithe.

## Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile

Lean an Roinn ar aghaidh ag spreagadh úsáid acmhainní digiteacha san oideachas ach ar cuireadh leathanbhanda 100Mbps ar fáil do gach scoil dara leibhéal in Éirinn.
Cuireadh Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile i bhfeidhm ar bhonn céimnithe go náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2016 toisc gur éirigh leis an gclár píolótach in 2015/2016.  Tá 68 scoil as 23 Contae, nó os cionn 300 scoláire, rannpháirteach i gClár 2016/2017.

Soláthraíonn an clár ardán do chomhtháthú TFC níos fearr agus do chomhoibriú níos mó idir múinteoirí agus a scoláirí trí fhoghlaim luachmhar bunaithe ar thionscadail.  Cuireann sé ar chumas

na scoláirí a gcruthaitheacht, a smaointeoireacht chriticiúil agus a scileanna cumarsáide a fhorbairt, agus cuireann sé ar a gcumas difríocht cheart a dhéanamh ina scoil, i ngnó áitiúil agus sa phobal níos leithne trí theicneolaíocht dhigiteach agus foinsí sonraí a úsáid go tairbheach.
Baineann Clár na gCrann Taca Digiteach Scoile leas as saineolas agus dea-thoil an tionscail, agus baineann oiliúint spriocdhírithe do scoláirí agus do mhúinteoirí leis chomh maith le deiseanna chun bualadh le cuideachtaí teicneolaíochta ceannródaíocha.

## Fiontraíocht Dhigiteach

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú leis an bpobal beoga cuideachtaí nua-thionscanta digiteacha atá ag fás in Éirinn leis an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh agus leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

## An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh

Lean an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh ar aghaidh ag maoiniú tionscnaimh nuálaíochta digití agus ag éascú cruthú fiontar nua trína phríomhchláir infheistíochta agus luathaithe:

- ***VentureLab:*** clár 6 mhí arb é is cuspóir dó gnólachtaí nua-thionscanta atá bunaithe ar eolaíocht agus teicneolaíocht nua agus inchosanta a thabhairt go dtí an margadh agus iad a ullmhú i gcomhair síol-infheistíochta
- ***Catalyser:*** clár luathaithe 6 mhí atá dírithe ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus ar fhoirne bunaitheora a bhfuil saineolas domhain agus teicneolaíocht acu a théann i ngleic le riachtanas suntasach margaidh nach bhfuil á chomhlíonadh.
- ***LaunchPad:*** clár luathaithe 3 mhí chun cur ar chumas foirne fiontraíochta smaointe maithe a chlaochlú sa chaoi is go mbeifear in ann gnólachtaí nua-thionscanta inmharthana a chur ar bun.

I gcaitheamh 2016, rinne an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh infheistíocht in 15 thionscadal luathaithe dhigiteacha LaunchPad, trí chuideachta Catalyser, agus bhí dhá thionscadal VentureLab atá bunaithe ar an eolaíocht á bhforbairt aige. Ina theannta sin, d'infheistigh sé i ndeich gcuideachta faoi Female Founders, clár a ceapadh chun tacú le fiontraithe mná a smaoineamh a thógáil agus samhail ghnó inmhéadaithe a chruthú chun tuilleadh infheistíochta a spreagadh.

Measann an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh, faoi dheireadh 2016, go raibh cuideachtaí ina phunann tar éis níos mó ná 680 post ardluacha lánaimseartha in Éirinn agus 127 post lánaimseartha thar lear a chruthú, agus go raibh infheistíocht leantach €152 milliún meallta acu.

## An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach

Lean an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar aghaidh ag cur tacaí agus réitigh sholúbtha spás oifige ar fáil d'fhiontair dhigiteacha éiritheacha i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh. Ag deireadh 2016, bhí 97 cuideachta (ráta áitíochta 95%) lonnaithe i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh agus bhí 707 duine fostaithe acu. Go dtí seo, tá thart ar 300 cuideachta dhigiteach tar éis éirí rómhór don spás oifige i gcampas an Mhoil Dhigitigh agus tá siad tar éis a ngnó a leathnú in áit eile.

De réir straitéis na Gníomhaireachta, tá sé i gceist go mbeidh leathnú suntasach ar a spás oifige trí fhorbairt agus athchóiriú a cuid réadmhaoine. Rinne an Ghníomhaireacht dul chun suntasach le blianta beaga anuas maidir le forbairt a campais, a chuir le hathghiniúint uirbeach i gceantar Bhaile Átha Cliath 8.

In 2016, chuir an Ghníomhaireacht an chéim idirphlé de phróiseas iomaíoch i gcrích, a raibh d'aidhm aige suíomh (c. 1.1 heicteár) a athfhorbairt, suíomh ar a dtugtar suíomh Vathouse 7 ó dheas ó Shráid Thomáis.  Meastar go bhféadfadh a lán spás oifige tráchtála breise a bheith ag an nGníomhaireacht de bharr na forbartha, agus go bhféadfaí cur go mór le gníomhaíocht gheilleagrach agus shóisialta sa cheantar trí roinnt forbairtí úsáide measctha.



## Cibearshlándáil

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála in 2016, go háirithe ar a chumas dul i ngleic le himeachtaí mór cibearshlándála. Tá na socruithe deiridh á ndéanamh chun aistriú na n-oibríochtaí cibearshlándála go dtí an tsaoráid nua sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a éascú, aistriú atá le tarlú sa dara ráithe de 2017.  Ceapadh Ceannasaí buan um Fhreagairt ar Eachtraí, agus comhaontaíodh clár earcaíochta ar feadh 2017. Bhí CSIRT-IE ag forbairt cumais freisin trína bhonneagar saincheaptha féin a sheoladh chun dul i ngleic le heachtraí cibearshlándála Rialtais agus Náisiúnta. Tá an bonneagar, an fhoireann agus an t-áitreabh nua ar fad ina gcuid lárnach d'fhorbairt Údaráis Náisiúnta Inniúil le haghaidh na Cibearshlándála, a bheidh ina cheanglas faoin Treoir maidir le Slándáil Líonraí agus Faisnéise atá ag teacht.

Ó thaobh an bheartais de, díríodh obair 2016 go príomha ar Chinn Bhillí a chruthú chun go bhféadfar an Treoir maidir le Slándáil Líonraí agus Faisnéise a achtú in 2018 agus rannpháirtíocht leanúnach a chothú leis na grúpaí oibre éagsúla san Eoraip chun a chinntiú go n-iarrtar soiléiriú faoi ghnéithe

áirithe den treoir, ar nós sainmhíniú ar Soláthraithe Seirbhíse Digití agus ainmniú Oibreoir Seirbhísí Riachtanacha.



# Cuspóir Ardleibhéil 2: Craoltóireacht agus na Meáin

Earnáil ilghnéitheach iolrach meán a chur chun cinn, a chosaint agus tacú léi, lena n-áirítear craoltóireacht seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, agus earnáil craoltóireachta a bhfuil réimeas comhréireach éifeachtúil rialála mar bhonn agus mar thaca aici.

## Maoiniú Craoltóireachta Seirbhíse Poiblí

Tá Craoltóirí Seirbhíse Poiblí fós ag streachailt le fadhbanna tromchúiseacha maoinithe, mar gheall ar laghduithe ar ioncam fógraíochta agus tráchtála agus leibhéil arda imghabháil ceadúnais teilifíse.

Ar iarratas an Aire, chuir an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol tús le himscrúdú ar an tsaincheist níos fadtéarmaí a bhaineann le maoiniú na meán seirbhíse poiblí sa todhchaí. Thug an Coiste faoi thréimhse comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. Cabhróidh toradh an athbhreithnithe sin le bonn eolais a chur faoi bheartas maoinithe sa todhchaí do na meáin seirbhíse poiblí in Éirinn. Ina theannta sin, forbraíodh roinnt tograí le haghaidh leasú an Achta Craolacháin, 2009.

## Aistriú ó Bhanda 700 MHz

I mí na Nollag, cuireadh de chúram foirmiúil ar RTÉ a sheirbhísí náisiúnta teilifís dhigiteach trastíre a aistriú ón mbanda 700 MHz. I gcomhairle le ComReg agus 2RN, d’oibrigh an Roinn ar réimse saincheisteanna a bhfuil d’aidhm acu aistriú bainistithe seirbhísí craoltóireachta a sholáthar ón mbanda seo roimh an spriocdháta i mí an Mheithimh 2020, i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, daingníodh €8 milliún i gCáinaisnéis 2017 chun an obair riachtanach a theastaíonn ar an ngréasán tarchuir a mhaoiniú.

## RTÉ/TG4

Chuir an Roinn an próiseas rialála i gcrích a thug cead do RTÉ seirbhís teilifíse Oireachtais nua a sheoladh ar Saorview, a chuireann an tseirbhís sin ar fáil do 186,000 teaghlach arb é Saorview an t-aon bhealach acu seirbhísí teilifíse a fháil. Tugadh €6 mhilliún de mhaoiniú reatha ar ais do RTÉ agus TG4 faoi Cháinaisnéis 2017, a chuir le hinbhuanaitheacht airgeadais an dá chraoltóir.

Chuaigh an Roinn i mbun plé le RTÉ ar Athbhreithniú ar a Sheirbhísí Digiteacha agus cheadaigh sí do RTÉ leanúint lena seirbhísí agus cainéil dhigiteacha a ceadaíodh in 2011.

I mí Iúil 2016, ceapadh an tUasal Dee Forbes mar Ard-Stiúrthóir RTÉ. I mí Dheireadh Fómhair 2016, ceapadh an tUasal Alan Esslemont mar Ard-Stiúrthóir TG4.

Rinneadh suim iomlán €24 milliún de mhaoiniúchán státchiste agus €9.3 milliún de mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse a sholáthar do TG4 chun gealltanais i ndáil le cláir a chomhlíonadh, lena n-airítear 4.55 uair an chloig de chláir Ghaeilge nua a sholáthar gach lá.

## Ainmniú Mór-Imeachtaí

Ligeann an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc do Bhallstáit imeachtaí áirithe spóirt agus cultúir a ainmniú mar ócáidí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí agus a fhoráil go leanfar ag cur imeachtaí a ainmnítear mar sin ar fáil ar sheirbhísí teilifíse saor in aisce.
Leagtar amach san Acht Craolacháin, 2009 na forálacha ábhartha chun imeachtaí den sórt sin a ainmniú in Éirinn agus, mar chuid de, tá oibleagáid an liosta a athbhreithniú gach trí bliana. Chuir an Roinn tús leis an athbhreithniú is deireanaí in 2014. I ndiaidh an athbhreithnithe sin, shocraigh an tAire dhá imeacht eile a ainmniú, Cluichí Ceannais Sinsear na mBan sa Pheil agus sa Chamógaíocht. Cuireadh na tograí sin faoi bhráid an Aontais Eorpaigh go foirmiúil chun iad a cheadú.

## Údarás Craolacháin na hÉireann

### Fuaim agus Fís

Faoi alt 158 den Acht Craolacháin, 2009, reáchtálann Údarás Craolacháin na hÉireann an Scéim Fuaime agus Físe a thacaíonn le léiriú agus tarchur clár d'ardchaighdeán atá bunaithe ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann. Riartar an ciste ó 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse.

I ndiaidh cead a fháil ón Roinn, tugadh Fuaim agus Fís III isteach i mí Eanáir 2015 agus reáchtálfar é ar feadh cúig bliana (2015–2019). Leithdháileadh maoiniú €16.7 milliún i gcaitheamh 2016 le haghaidh 91 tionscadal teilifíse agus 407 tionscadal raidió.

## An Scéim Cartlannaithe

Riartar an Scéim Cartlannaithe trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse freisin. Cuireann an Scéim tacaíocht maoinithe ar fáil d'fhorbairt cultúr cartlannaithe in earnáil chraolacháin na hÉireann a chuirfidh le caomhnú na hoidhreachta craolacháin.

Ó seoladh an Scéim in 2012, bronnadh €5.12 milliún chun tacú le 23 tionscadal. Leithdháileadh €1 mhilliún den mhaoiniú i gcaitheamh 2016.

Dhún an Scéim i mí Aibreáin 2016 agus táthar á hathbhreithniú faoi láthair. Cuirfidh an t-athbhreithniú sin bonn eolais faoi aon scéim sa todhchaí.

## Cumaisc Meán/Iolracht na Meán

Faoin Acht um Iomaíocht, 2002 (arna leasú), tá freagracht reachtúil ar an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil as imscrúdú a dhéanamh ar chumaisc, fálacha agus idirbhearta beartaithe idir gnóthaí meán chun a cinneadh an bhfuil siad ar leas an phobail ó thaobh iolracht na meán de in Éirinn.


Fuarthas sé fhógra faoi chumaisc bheartaithe meán i rith 2016. Astu sin, cheadaigh an tAire cúig cinn gan choinníollacha, i ndiaidh scrúdú tosaigh sa chéad chéim. Bhí scrúdú tosaigh fós ar bun ar an séú ceann ag deireadh na bliana. Ina dhiaidh sin, i dtús mhí Eanáir 2017, tagraíodh an cumasc meán seo d'Údarás Craolacháin na hÉireann le haghaidh scrúdú iomlán sa dara céim.

I mí an Mheithimh 2016 d'fhoilsigh an tAire Tuarascáil Údarás Craolacháin na hÉireann ar Úinéireacht agus Rialú Gnóthaí Meán in Éirinn le haghaidh 2012-2014, tuarascáil a cheanglaítear ar an Údarás a chur i dtoll a chéile gach trí bliana faoin Acht um Iomaíocht, 2002 (arna leasú).

## An Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín, grúpa saineolaithe neamhspleácha, chun comhairle a chur ar an Rialtas faoi shaincheisteanna áirithe idirlín a bhí go mór i mbéal an phobail, agus chuir sé a thuarascáil agus na moltaí lenar bhain faoi bhráid an Rialtais in 2014. Áiríodh sa tuarascáil 30 moladh struchtúrtha, reachtaíochta agus riaracháin, a bhfuil Ranna Rialtais éagsúla freagrach astu. I ndiaidh na tuarascála a fháil, bunaíodh Grúpa Feidhmithe tras-rannach. Tá an Roinn seo mar chathaoirleach ar an ngrúpa, agus cuimsítear ann ionadaithe ón Roinn Sláinte, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Dlí agus Cirt (an Oifig um Shábháilteacht Idirlín) agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá an Roinn tiomanta do thuairisciú don Rialtas faoi dheireadh 2017 ar chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála.



# Cuspóir Ardleibhéil 3: Post

A chinntiú go mbaineann custaiméirí na hÉireann, gnó agus cónaithe araon, tairbhe as seirbhísí ardchaighdeáin poist ar phraghas iomaíoch atá ar comhchéim leis na caighdeáin is airde i bpríomhgheilleagair inchomparáide san Aontas Eorpach.

## An Post

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis An Post in 2016 chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm. Bhí sí i dteagmháil leis an gcuideachta go rialta maidir lena staid airgeadais.

Tá an gnó postais ag dul faoi athrú mór struchtúrtha anseo agus go hidirnáisiúnta. Tá tionchar suntasach ag ionadú leictreonach ar ghnó na litreacha don chuideachta i dtéarmaí laghdú ar líon an phostais. Tháinig fás tobann ar an treocht, a bhí le feiceáil le roinnt blianta anuas, in 2016 a chruthaigh tionchar tromchúiseach airgeadais do An Post. Mar gheall ar an staid dheacair airgeadais a bhí os comhair An Post, chomhaontaigh an Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach chun an mheicníocht caidhp phraghais a aisghairm do sheirbhísí uilíocha poist go práinneach. Foilsíodh an Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2016 i mí na Nollag 2016 agus achtaíodh é i mí an Mhárta 2017. Chuir sé sin ar chumas An Post praghsanna a ardú sa ghearrthéarma agus sreabhadh airgid a raibh géarghá leis a ghiniúint.

Chun dul i ngleic leis an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé agus atá ag athrú go tapa, d’fhógair An Post i mí na Nollag 2016 go raibh sé ag tabhairt faoi athbhreithniú mór straitéiseach a bhreithneoidh scála, raon agus struchtúr na cuideachta san fhadtéarma, agus athruithe móra ar an teicneolaíocht agus ar an margadh san áireamh.  Sainaithneofar san athbhreithniú na hathruithe straitéiseacha agus an t-athstruchtúrú a theastaíonn chun an chuideachta a choinneáil ar bhonn fónta airgeadais. Tacaíonn an Rialtas go hiomlán le tabhairt faoin athbhreithniú sin, agus táthar ag súil leis an toradh sa dara ráithe de 2017.

Tá tiomantas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta do ghníomhú ar na moltaí sa tuarascáil ó Ghrúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist. De bhua athchumrú na Ranna Rialtais i mí Iúil 2016, aistríodh an fhreagracht as líonra oifigí poist agus cur i bhfeidhm mholtaí an Ghrúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist go dtí an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Amhail mí na Bealtaine 2017 tá socruithe ar bun chun freagracht as an líonra oifigí poist a

athshannadh don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil toisc gurb í an Roinn sin atá freagrach as An Post.

## Cóid Phoist

Leanann an Roinn ar aghaidh ag maoirsiú Sholáthraí Seirbhíse Eircode chun córas cóid phoist atá ag oibriú go hiomlán a chinntiú, a chuireann tairbhí ar fáil don phobal, do chomhlachtaí na hearnála poiblí agus don earnáil phríobháideach (seirbhísí ar líne san áireamh) maidir le gach seoladh sa stát a aimsiú agus anailís geospásúil a úsáid.

Ó seoladh Eircode i mí Iúil 2015 cuardaíodh os cionn 10 milliún seoladh ar aimsitheoir Eircode, agus beagnach 19,500 amas ann ar an meán gach lá.   Ó mhí Iúil 2016, is féidir leis an bpobal agus le gnóthaí Eircode a chuardach le haghaidh seoltaí Geografacha agus Poist. Toisc gur cuireadh seoltaí Geografacha leis beidh go leor daoine in ann difríocht i seoladh atá níos so-aitheanta dóibh a léiriú seachas an seoladh Poist a bhí ar fáil ar shuíomh aimsitheora Eircode go dtí seo.

Tá Eircode comhtháite anois i dtáirgí/feidhmchláir loingseoireachta satailíte Google Maps a chuireann ar chumas an phobail agus gnóthaí dtáirgí/feidhmchláir loingseoireachta satailíte Google Maps a úsáid le seoltaí a aimsiú go cruinn beacht agus treoracha a fháil ar réimse gairis shoghluaiste agus ríomhairí pearsanta deisce.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le comhlachtaí na Seirbhíse Poiblí agus d'fhorbair agus d'fhoilsigh sí roinnt cás-staidéar ina sainaithnítear eiseamláirí ar fud na hEarnála Poiblí agus ina leagtar amach na tairbhí inláimhsithe a bhain gach comhlacht as Eircode a chur i bhfeidhm ina gcórais agus próisis ghnó.  I rith 2016, d'óstáil an Roinn roinnt ceardlann agus fóram de chuid na hEarnála Poiblí, agus d'fhreastail sí orthu, inar thug na heiseamláirí taispeántais phraiticiúla do chomhlachtaí sa tSeirbhís Phoiblí ar an gcaoi ar bhain siadsan agus a gcustaiméirí tairbhe as Eircode a chur i bhfeidhm.



# Cuspóir Ardleibhéil 4: An Comhshaol

Cosaint ár dtimpeallachta nádúrtha, sláinte agus folláine ár saoránach agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní a chur chun cinn chun tacú le forbairt, fás agus fostaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de.

## Forfheidhmiú Dramhaíola

Tá na hÚdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola, a bunaíodh i ndeireadh 2015, freagrach as gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú ina réigiúin féin, agus comhchuspóirí a leagan síos le haghaidh forfheidhmiú dramhaíola. Déanann Coiste Náisiúnta Stiúrtha maoirsiú ar obair na nÚdarás, agus déanann an Roinn cathaoirleacht ar an gcoiste sin. Ó thús deireadh 2016, d’oibrigh an Roinn leis na hoifigí nua chun aistriú a éascú ó fhorfheidhmiú a spreagann próiseas, arna struchtúrú thart ar chur i bhfeidhm na rialachán aonair ceann ar cheann, chuig forfheidhmiú a dhíríonn an iarracht is mó ar na fadhbanna agus saincheisteanna dramhaíola is tábhachtaí agus chun gníomh tapa, comhréireach agus éifeachtach a dhéanamh. Bunaíodh béim chlár oibre na nÚdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola ar na tosaíochtaí náisiúnta d’fhorfheidhmiú dramhaíola a comhaontaíodh le haghaidh 2016, lenar áiríodh:

- Córas Bailithe Dramhaíola do Theaghlaigh ina nÍoctar de réir Meáchain a chur i bhfeidhm de réir a chéile,
- Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeora breisithe do Dhramhbhoinn a chur i bhfeidhm,
- Dumpáil mhídhleathach (lena n-áirítear dumpáil dramhaíl sciúrtha breosla) agus
- Na Rialacháin maidir le Dramhbhia Teaghlach a chur i bhfeidhm chomh maith leis an mBosca Bruscair Donn lena mbaineann a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Cuireann an struchtúr forfheidhmithe leis an struchtúr grúpa pleanála atá ann cheana féin chun dramhaíl a bhainistiú i réigiúin, agus le cur chuige comhoibríoch ilghníomhaireachta an Ghréasáin d’Fhorfheidhmiú agus Comhlíonadh Comhshaoil na hÉireann. Mar gheall ar bhunú na gceann-údarás forfheidhmithe réigiúnacha éascaítear na tascanna a dhéantar i réimse an fhorfheidhmithe dramhaíola a chuíchóiriú tuilleadh.

## Tionscnaimh um Fhreagracht Táirgeora – WEEE, Cadhnraí agus Feithiclí a bhfuil a Ré Caite

### Córas Athúsáidte WEEE

Lean an Roinn ar aghaidh ag monatóiriú fhorbairt an dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (WEEE) mar ullmhúchán don chóras athúsáidte ar feadh 2016. Cabhraíonn Producer Register Limited le cuideachtaí táirgthe a n-oibleagáidí maidir le bainistiú freagrach WEEE a chomhlíonadh. Léiríonn na critéir a d'fhorbair Producer Register Limited chun ullmhú d'eagraíochtaí athúsáidte WEEE an fhorbairt is suntasaí in earnáil athúsáidte an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh ó tugadh an córas WEEE isteach in Éirinn in 2005. Tairgfidh forbairt margadh athúsáidte spleodrach in Éirinn go leor tairbhí féideartha sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha, agus cruthaíodh an timpeallacht chuí rialála chun a chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara ar fad in ann ról iomlán agus gníomhach a imirt i bhforbairt na hathúsáidte in Éirinn.

### Cadhnraí

Tugtar breac-chuntas sa Treoir Cadhnraí (2006/66/CE) ar an modh agus na tréimhsí chun an líon dramhchadhnraí a bailíodh le haisghabháil agus le hathchúrsáil a ríomh. Éilítear in Airteagal 10 den Treoir go mbainfeadh Ballstáit íosrátaí bailithe de 45% amach le haghaidh dramhchadhnraí iniompartha faoin 26 Meán Fómhair 2016, atá le tuairisciú don Choimisiún Eorpach sa dara ráithe de 2017. I rith 2016, lean an Roinn ar aghaidh ag plé leis na scéimeanna comhlíonta chun a chinntiú go raibh na bearta agus acmhainní riachtanacha i bhfeidhm chun a chur ar chumas na hÉireann an sprioc sin a bhaint amach.  Léiríonn na sonraí tosaigh go mbainfidh Éire an sprioc amach le haghaidh 2016.

### Feithiclí a bhfuil a Ré Caite

I mí na Samhna 2016, shínigh an tAire rialacháin nua, a cheadaíonn comhlacht faofa a cheapadh chun feidhmiú mar scéim comhlíonta le haghaidh Earnáil na bhFeithiclí a bhfuil a Ré Caite in Éirinn, agus ceadaíodh Seirbhísí Comhshaoil Feithiclí a bhfuil a Ré Caite CLG, nó ELVES CLG, go foirmiúil mar an scéim nua comhlíonta agus í i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017.  Léiríonn ELVES CLG gach táirgeoir (mar a shainítear iad faoin Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) sa mhargadh agus tá sé freagrach as córas náisiúnta bailithe d'Fheithiclí a bhfuil a Ré Caite a bhunú agus as na spriocanna a leagtar síos sa Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (2000/53/CE) a bhaint amach.

## Thuaidh/Theas

Tionóladh an 22ú cruinniú Comhshaoil den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an 14 Meán Fómhair 2016. D'fhreastail an tAire Naughten ar an gcruinniú, ag ar pléadh, i measc nithe eile, bainistíocht dramhaíola, gluaiseachtaí dramhaíola trasteorann agus tionchar comhshaoil an sciúrtha breosla.

## Dramhbhia

Ag an gCruinniú Aireachta in 2016 de Chomhairle na hÉireann-na Breataine, thacaigh Airí leis an ngá atá le céimeanna praiticiúla i dtreo Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun dramhbhia domhanda in aghaidh an duine a laghdú faoina leath. Dhearbhaigh a nAirí a dtiomantas d'oibriú le chéile chun taithí ar idirghabhálacha beartais a roinnt chun tacú le huaillmhianta gach rialtais ar chúrsaí dramhbhia. Is féidir an páipéar a d'ullmhaigh an earnáil oibre a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na hÉireann-na Breataine: www.britishirishcouncil.org. Bunaíodh foghrúpa oifigeach ina dhiaidh sin in 2017 chun oibriú le chéile chun an clár oibre chun dramhbhia a chosc a chur chun cinn.

## Cáilíocht an Aeir

Ba é an phríomhbhéim sa réimse seo reachtaíocht thánaisteach a achtú chun Treoracha ón Aontas Eorpach a thrasuí agus an tacaíocht riachtanach a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Tugadh isteach seacht nIonstraim Reachtúla ar an iomlán, lena n-áirítear:

- 2 thrasuí de threoracha leasaithe
- Fógraí um Íocaíocht Shocraithe a thabhairt isteach do shárú an Achta um Thruailliú Aeir
- Cumaisc de bhreoslaí bithmhaise a shainaithint

Chun aird a tharraingt ar thábhacht na cáilíochta aeir mar fhadhb mhór chomhshaoil, bhí Gradam d'Aer Glan i measc Ghradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara den chéad uair.
Tugadh faoi obair ullmhúcháin i dtreo dheireadh na bliana chun páipéar comhairliúcháin don Straitéis Náisiúnta um Aer Glan a ullmhú agus d'Idirphlé ar Aer Glan le Coimisiún an Aontais Eorpaigh.

Bhí Éire ar cheann den líon beag de 16 thír a gheall go dtabharfaidís €160,000 breise do chiste a bunaíodh faoi Phrótacal Montréal chun cabhrú le tíortha atá i mbun forbartha agus iad ag dul i ngleic le gáis hidreafluaracarbóin.

## Cosaint ó Radaíocht

D'fhoilsigh an Roinn tuarascáil a d'ullmhaigh an Institiúid Náisiúnta le haghaidh Sláinte Phoiblí agus an Chomhshaoil san Ísiltír (RIVM) ar an eolas reatha eolaíoch ar iarmhairtí féideartha an nochta do réimsí leictreamaighnéadacha. Imscrúdaíodh sa tuarascáil freisin an chaoi a dtéitear i ngleic leis an tsaincheist seo i dtíortha eile agus úsáidfear an taighde chun bonn eolais a chur faoi bheartais sa réimse seo sa todhchaí.

Foilsíodh tuarascáil a d'ullmhaigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta faoin tionchar geilleagrach a d'imreodh timpiste núicléach ar Éirinn i mí na Samhna 2016.

Foilsíodh an tuarascáil ón dara bliain den Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus rinneadh dul chun cinn mionsonraithe, lena n-áirítear suíomh gréasáin tiomnaithe a sheoladh, cúrsa oiliúna spriocdhírithe i maolú radóin d'údaráis áitiúla a chur ar fáil de réir a chéile agus thángthas ar chomhréiteach leis an Dlí-Chumann faoin eolas a bhaineann le radón a áireofar mar chuid den phróiseas tíolactha.



## Beartas agus Feasacht Comhshaoil

In 2016, lean an Roinn ar aghaidh lena hiarrachtaí chun cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, ag féachaint lena chinntiú go leabaítear breithnithe comhshaoil i réimsí beartais eile, agus baintear sin amach go háirithe trí leithdháiltí ón gCiste Comhshaoil, a chuimsíonn ioncam a ghintear ón tobhach ar mhálaí plaisteacha agus ón tobhach ar líonadh talún.

Leithdháileadh €39.35m san iomlán ón gciste in 2016, agus áiríodh leis sin:

- €5.4m do Met Éireann;
- €2.3m don Chlár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola;
- €1.5m do chostais oibríochtúla na hathchúrsála;
- €1 do Thionscnaimh in aghaidh an Bhruscair, lena n-áirítear Scéim Deontais um Fheasacht ar Thionscnaimh in aghaidh an Bhruscair, Glantachán Náisiúnta Earraigh, agus Tionscnamh PURE in Átha Cliath Theas/Cill Mhantáin; agus
- €195,000 d'oibriú na gClár Scoileanna Glasa agus Campas Glas. Ghlac os cionn 3,800 bunscoil, meánscoil agus scoil speisialta in Éirinn (os cionn 93% de na scoileanna ar fad in Éirinn) sa

chlár in 2016, agus bronnadh an Brat Glas ar os cionn 3,100 scoil. Tá Clár Scoileanna Glasa na hÉireann ar cheann de na cláir is rathúla sa ghréasán idirnáisiúnta.

Foilsíodh an Tuarascáil ar an gCóras Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruailliú Bruscair le haghaidh 2015 in 2016. Léiríodh ann feabhas ginearálta agus leanúnach ar leibhéil an truaillithe bruscair go náisiúnta. Mar achoimre:

- bhí méadú ar an líon limistéar a ndearnadh suirbhé orthu a measadh a bheith saor ó bhruscar ó 12.3% in 2014 go 16.4% in 2015, an leibhéal is airde a baineadh amach riamh;
- bhí 62.8% de na limistéir a ndearnadh suirbhé orthu beagáinín truaillithe, laghdú 1.6% ar leibhéil 2014;
- thit céatadán na limistéar a meastar a bheith truaillithe go measartha 3.2% go 19.9% nuair a chuirtear i gcomparáid iad le torthaí 2014 sa chatagóir chéanna; agus
- d'fhan céatadán na limistéar atá truaillithe go suntasach agus go mór ag leibhéil mórán mar an gcéanna le 2014.

Léiríonn na torthaí thuas rath na gclár feasachta dramhaíola agus comhshaoil de chuid na Roinne.

Chomh maith leis sin, chomhordaigh an Roinn cur i bhfeidhm náisiúnta Choinbhinsiún Aarhus agus a Phrótacal in Éirinn, agus thacaigh sí le hidirghabháil an Stáit i bplé idirnáisiúnta agus in imeachtaí an Choinbhinsiúin. Leanamar ar aghaidh freisin ag ardú feasachta ar an gCoinbhinsiún trí oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann na n-údarás poiblí.



# Cuspóir Ardleibhéil 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh

A chur ar chumas an Stáit, laistigh de chreataí an Aontais Eorpaigh agus creataí idirnáisiúnta, dul sa tóir ar aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus é a bhaint amach, geilleagar a mbeidh soláthar daingean, iomaíoch fuinnimh mar bhonn agus mar thaca aige, sa tréimhse go 2050.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Shínigh agus dhaingnigh Éire Comhaontú Pháras ar Athrú Aeráide in 2016, a d'éascaigh a chur i bhfeidhm níos lú ná bliain i ndiaidh é a chomhaontú ag comhdháil na Náisiún Aontaithe ar athrú aeráide i mí na Nollag 2015. Leagtar amach sa Chomhaontú sin an sprioc fhadtéarmach chun an domhan a chur ar bhealach a leasa chun téamh domhanda a shrianadh go dtí i bhfad faoi bhun dhá chéim ceinteagráid os cionn na leibhéal a bhíodh ann roimh na ré tionsclaíche agus dul sa tóir ar iarrachtaí chun an méadú ar an teocht a shrianadh go 1.5 céim.

Cuirfidh Éire le Comhaontú Pháras tríd an tiomantas a rinne an tAontas Eorpach thar ceann a Bhallstát, go laghdófaí astuithe ar fud an Aontais Eorpaigh 40% ar a laghad faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéil 1990). D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra i mí Iúil 2016 faoin gcaoi a gcuirfí an tiomantas sin i bhfeidhm i ndáiríre sna Ballstáit aonair. Tá idirbheartaíocht ina leith sin ar bun go fóill.

Chuathas i mbun plé leis na príomhearnálacha in 2016 faoi fhorbairt an chéad Phlean Náisiúnta um Maolú in Éirinn, agus tabharfar faoi chomhairliúchán poiblí ar an dréachtphlean in 2017, sula gcuirtear an Plean Náisiúnta deiridh faoi bhráid an Rialtais. Cuireadh bonn reachtúil faoin bpróiseas leis an Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015, agus is é an chéad chéim é i bpróiseas atriallach a chruthóidh an creat gnímh chun spriocanna 2020 agus 2030 na hÉireann maidir le hastuithe a laghdú a chomhlíonadh, agus, san fhadtéarma, a spreagfaidh aistriú na hÉireann go geilleagar ata íseal ó thaobh carbóin de agus athléimneach ó thaobh aeráide de. Is féidir méid an dúshláin sin a fheiceáil sna réamh-mheastacháin ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Léiríodh i réamh-mheastacháin mhí an Mhárta 2016 go bhféadfadh astuithe na hÉireann in 2020 a bheith sa réimse 6-11% faoi bhun leibhéil 2005. Tá an toradh dóchúil níos giorra do 6%, a léiríonn easnamh suntasach i dtaca leis an laghdú 20% a bhaint amach in 2020. Léiríonn sé sin cumas laghdaithe infheistíochta na hÉireann i dtréimhse an chúlaithe gheilleagraigh.

Tá obair chur i bhfeidhm faoin gCreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin d'Athrú Aeráide, a foilsíodh i mí na Nollag 2012, á comhardú ag an Roinn trí Choiste Náisiúnta Stiúrtha don Oiriúnú. Tugann an tAcht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015 bonn reachtúil anois chun Creat Náisiúnta nua um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin a fhorbairt ina leagfar amach na príomhcheanglais do na hearnálacha, lena n-áirítear an rialtas áitiúil, i dtaca lena bpleananna earnála féin um oiriúnú a fhorbairt. Foilsíodh cáipéis chomhairliúcháin i mí an Mhárta 2016 a d'iarr tuairimí ó pháirtithe leasmhara a raibh spéis acu sa phróiseas agus ón bpobal i gcoitinne faoi fhorbairt an chéad Chreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin reachtúil in Éirinn, agus lean obair ar fhorbairt an chreata féin ar aghaidh anuraidh.

Aithnítear i gClár an Rialtais go bhfuil gá le rannpháirtíocht níos mó le saoránaigh agus le pobail nuair atá beartais á bhforbairt a theastaíonn chun cuspóir aistrithe na hÉireann a chomhlíonadh. Dá réir sin, thiomnaigh an Roinn seo in 2016 d'Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú. Seolfar an tIdirphlé sin in 2017 agus beidh an tsochaí fhorleathan rannpháirteach go ginearálta leis i ndúshlán na haeráide, spreagfar athruithe ar iompar agus cruthófar struchtúir ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun tacú le smaointe a ghiniúint agus lena n-aistriú ina ngníomhartha atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Ar aon dul le tiomantas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, agus gealltanas a thug an Taoiseach do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) chun maoiniú aeráide a mhéadú, gheall Éire €175 milliún ar a laghad i maoiniú poiblí a sholáthar do mhaoiniú aeráide faoi 2020, le haghaidh oiriúnú i dtíortha i mbun forbartha go príomha. Rinne Éire ranníocaíocht €2 mhilliún leis an gCiste Glas don Aeráid in 2016 agus íocfar tuilleadh in 2017 agus ina dhiaidh sin.

Bunaíodh Grúpa Samhaltaithe agus Taighde Theicniúil chun na príomhghnéithe oibríochta a fhorbairt agus a bhainistiú i bpróiseas na mbeartas náisiúnta aeráide agus fuinnimh. Tá saineolaithe sa Ghrúpa ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, chomh maith le hionadaíocht ó institiúidí acadúla. Tuairiscíonn sé do Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach do Choiste na Comh-aireachta um Bonneagar, Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide. In 2016, chómhaoinigh an Grúpa dhá chlár samhaltaithe de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Cuirfidh siad sin bonn eolais faoi fhorbairt leanúnach na mbeartas náisiúnta sna réimsí sin.

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide le hOrdú ón Aire an 18 Eanáir 2016 faoin Acht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil, 2015. Is é ról na Comhairle, atá neamhspleách ar fheidhmíocht a feidhmeanna, comhairle agus moltaí a thabhairt don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le Pleananna Náisiúnta um

Maolú agus Creataí Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin a ullmhú; bearta maolaithe earnála a chur isteach ag an Aire ábhartha; plean oiriúnaithe earnála á dhéanamh ag an Aire ábhartha; agus ceadú an Rialtais do Phlean Náisiúnta um Maolú agus do Chreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin. De réir a feidhmeanna faoi Acht 2015, d'fhoilsigh an Chomhairle a Céad Tuarascáil i mí na Samhna 2016.

De réir Acht 2015, chuir an tAire Ráiteas Náisiúnta Bliantúil an Athraithe faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais den chéad uair i mí na Nollag 2016. Áiríodh i Ráiteas Náisiúnta Bliantúil an Athraithe forléargas ar na bearta beartais do mhaolú agus oiriúnú an athraithe aeráide ar glacadh leo chun astuithe ó gháis cheaptha teasa a laghdú agus chun dul in oiriúint le héifeachtaí an athraithe aeráide chun go bhféadfar an 'cuspóir náisiúnta athraithe' a bhaint amach. Tá taifead ar astuithe gáis cheaptha teasa ann freisin, mar a leagtar amach iad san fhardal is deireanaí a d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus réamh-mheastachán ar astuithe amach anseo, chomh maith le tuarascáil ar chomhlíonadh oibleagáidí an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in alt 2 d'Acht 2015.

## Beartas Idirnáisiúnta agus Eorpach Fuinnimh

I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach pacáiste tograí reachtaíochta dar teideal Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad. Cuireadh tús le hanailís agus leis an idirbheartaíocht tosaigh maidir le 'Pacáiste an Fhuinnimh Ghlain'. Tá comhairliúchán poiblí ar na tograí ar fad le cur i gcrích i mí na Bealtaine 2017.

Leanann an Roinn ar aghaidh lena ról gníomhach sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, agus í rannpháirteach i réimse grúpaí beartais agus teicneolaíochta, agus ag an mBord Rialacháin. Tá an chéad athbhreithniú tíre domhain eile ar Éirinn le tarlú i lár 2018.

## An Breatimeacht

Ó tharla vóta na Ríochta Aontaithe chun an tAontas Eorpach a fhágáil i mí an Mheithimh 2016, táthar ag tabhairt faoi anailís agus pleanáil mhionsonraithe ar fud na Roinne maidir leis an mBreatimeacht.

Bunaíodh Grúpa Roinne laistigh de Chreat Teagmhasachta an Bhreatimeachta sa Rialtas, chun an obair ar fad a bhaineann leis an mBreatimeacht a comhordú. Tá an Grúpa á stiúradh ag an Rúnaí Cúnta ar an réimse Fuinnimh agus tá ionadaíocht ó na príomhearnálacha ar fad ann. Tugadh faoi dhianchomhairliúchán go dtí seo, lena n-áirítear cruinnithe le comhpháirtithe san Eoraip, i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe ag leibhéal Aireachta agus Oifigeach.

Sainaithníodh cúrsaí fuinnimh mar phríomhthosaíocht don Roinn agus dá bharr sin tionóladh idirphlé saoránach uile-oileáin ar an mBreatimeacht agus an tionchar a d'fhéadfadh sé a imirt ar earnáil an fhuinnimh i mí Feabhra 2017

## Reachtaíocht Leictreachais agus Gáis

Rith an tOireachtas an tAcht Fuinnimh, 2016 i mí Iúil. Áirítear ann forálacha chun cumhachtaí an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh a bhreisiú, a ainm a athrú agus chun soláthar rialacha nua faoi mhargadh leictreachais mórdhíola a éascú don Margadh Leictreachais Aonair ar fud oileán na hÉireann.

## Dul chun cinn ar cheanglais rialála an Pháipéir Beartais Fuinnimh

An 1 Nollaig 2016, chuir an tAire tús le seimineár do pháirtithe leasmhara na rialála fuinnimh faoin dul chun cinn ar cheanglais rialála an Pháipéir Beartais Fuinnimh. Ag an seimineár sin d'fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh gur iarr sé ar an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) tabhairt faoi athbhreithniú piaraí a dhíreofar ar shocruithe rialachais inmheánaigh agus sheachtraigh an Choimisiúin.  Beidh athbhreithniú sin an OECD an-tábhachtach mar bhonn eolais le cur faoin athbhreithniú níos fadtéarmaí ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach le haghaidh rialáil na margaí leictreachais agus gáis nádúrtha.  Rinneadh an tiomantas don athbhreithniú níos fadtéarmaí sin sa pháipéar beartais i bhfianaise chineál agus chastacht an chreata le haghaidh rialáil na margaí leictreachais agus gáis nádúrtha in Éirinn.  Tógfaidh athbhreithniú piaraí an OECD thart ar 18 mí chun cur i gcrích.

Sheol an tAire an chéad Athbhreithniú Reachtaíochta Rialála ag an seimineár atá ar fáil ar shuíomh na Roinne. Cuimsítear ann raon réimsí lena n-áirítear forbairtí an Aontais Eorpaigh ar rialáil fuinnimh, seasamh Rialtais, gníomhartha agus cinntí ar shaincheisteanna beartais éagsúla i rialáil na margaí leictreachais agus gáis nádúrtha in Éirinn. Tugann an tAthbhreithniú Reachtaíochta Rialála, atá le foilsiú go tréimhsiúil, réamheolas do pháirtithe leasmhara faoi thionscnaimh beartas rialála agus comhairliúcháin atá ar na bacáin, chun deis a thabhairt dóibh pleanáil níos fearr agus na hacmhainní a theastaíonn a aimsiú dá rannpháirtíocht, agus ba cheart go gcabhródh sé agus go bhfeabhsódh sé caighdeán agus trédhearcacht na reachtaíochta agus an bheartais rialála.



## Táscairí le haghaidh Iomaíochas Costais Fuinnimh

Bunaíodh an Grúpa Oibre le haghaidh Iomaíochas Costais Fuinnimh sa chéad leath de 2016 agus áirítear ann ionadaíocht ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

(ÚFIÉ), chun obair a chur chun cinn ar an tiomantas sa pháipéar beartais chun tomhais ar iomaíochas costais fuinnimh a fhorbairt. I rith na bliana, d'fhorbair an Grúpa tacar tomhais agus táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla, a ceapadh le teacht leis an gcreat AE a bhíonn de shíor ag athrú ar staitisticí praghas leictreachais agus gáis, le haghaidh comparáid bhreisithe ar fud bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Tá na táscairí ceannlíne a d'fhorbair an Grúpa á n-áireamh anois i bhfoilseachán débhliantúil ÚFIÉ ar phraghsanna leictreachais agus gáis na hÉireann, agus foilsíodh iad den chéad uair in "Electricity & Gas Prices in Ireland, 2nd Semester (July – December) 2015" de chuid ÚFIÉ a foilsíodh mí an Mheithimh 2016.

## Margadh Leictreachais Aonair Uile-Oileáin

Leanadh den Mhargadh Leictreachais Aonair Uile-Oileáin, an margadh miondíola leictreachais uile-oileáin, a oibriú go héifeachtach in 2016 i gcomhar leis na Rialálaithe Thuaidh agus Theas. Dá bharr sin, cinntíodh soláthar leanúnach leictreachais mórdhíola ar chostas réasúnach, iomaíocht, trédhearcacht, rogha do thomhaltóirí, éagsúlacht ó thaobh cúrsaí giniúna de agus níos mó úsáide á baint as foinsí in-athnuaite, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm iomlán Thríú Pacáiste Fuinnimh an Aontais Eorpaigh.

Le forbairt leanúnach an mhargaidh fuinnimh agus oibleagáidí reachtaíochta an Aontais Eorpaigh, cuireadh tús le hobair in 2012 ar dhearadh margaidh nua dar teideal an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM). Tá an obair sin á stiúradh ag coiste (Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair Uile-Oileáin) ina bhfuil rialálaithe an Tuaiscirt agus an Deiscirt agus saineolaithe idirnáisiúnta agus neamhspleácha fuinnimh. Toisc go dteastaíonn triail eile margaidh ar na córais nua a bheidh mar bhonn agus taca ag an margadh, cheadaigh an tAire uainiú leasaithe chun na socruithe margaidh nua a chur i bhfeidhm. Beidh na socruithe margaidh nua i bhfeidhm in 2018 anois.

## Cóid Líonra Gáis agus Leictreachais an Aontais Eorpaigh

Lean an Roinn ar aghaidh ag glacadh páirte sa phlé ar an dá Chód Líonra Gáis deiridh (Socrú Taraifí agus Meicníocht Leithdháilte Cumais) faoi reachtaíocht Thríú Pacáiste Fuinnimh an Aontais Eorpaigh. Tá na Cóid sin mar bhonn agus taca ag seachadadh margaí leictreachais agus gáis pan-Eorpacha. In 2016 ghlac an Roinn páirt i nglacadh agus i gcur i ngníomh ceithre "threoirlíne/chód líonra" i dteannta Ballstáit eile agus an Choimisiúin Eorpaigh. Is iad sin an treoirlíne maidir le Leithdháileadh Réamhchumais; an cód líonra um Nasc Éilimh; an cód líonra um Cheanglais Gineadóirí; agus an líonra Sruth Díreach Ardvoltais.  Ghlac an Roinn páirt i vótaí dearfacha ar thrí "threoirlínte/chód líonra" eile agus cuirfear i bhfeidhm iad in 2017 i ndiaidh fhiosrúchán Pharlaimint na hEorpa. Is iad sin an

treoirlíne maidir le Cothromú; an treoirlíne maidir le Oibríocht Córais; agus an cód líonra um Éigeandáil agus Athchóiriú.

## Slándáil an tsoláthair a chinntiú agus Bainistíocht Éigeandála

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur le forbairt Creata nua Náisiúnta le haghaidh Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála leis an Oifig Pleanála Éigeandála (an Roinn Cosanta), atá curtha i gcrích anois agus atá le cur i láthair an Rialtais i lár 2017. Tabharfaidh sé sin soiléire agus treoir níos fearr do Ranna maidir le bainistíocht éigeandála agus a gcuid ról agus freagrachtaí.

Glacann an Roinn páirt i bhfóraim agus i gcleachtaí éagsúla go rialta maidir le slándáil leictreachais agus gáis, go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta.

Bíonn an Roinn i mbun idirbheartaíochta freisin leis an Roinn Eacnamaíochta, Tuaisceart Éireann, ar ghnéithe uile-oileáin na slándála ola.

Is tosaíocht leanúnach é slándáil na stoc fuinnimh (ola) a chinntiú agus tá an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta fós ag déanamh dul chun cinn ó thaobh an stoc ola éigeandála a choinnítear ar oileán na hÉireann (seachas é a choinneáil i mBallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh) a athchothromú chun slándáil soláthair a fheabhsú. Ag deireadh 2016, bhí 67% den stoc á choinneáil ar oileán na hÉireann.
Oibríonn an Roinn, i dteannta na Gníomhaireachta, le tionscal ola na hÉireann (tríd an Irish Petroleum Industry Association) ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta éigeandála ola a fhorbairt, lena n-áirítear Plean Éigeandála Breosla a ullmhú dá dtarlódh ganntanas mór ola. Nuashonraíonn an Ghníomhaireacht a nós imeachta íostarraingthe stoc go bliantúil ar a laghad, agus eagraíonn sí comhchleachtaí rialta leis an tionscal.

## Bonneagar Leictreachais

I mí Iúil 2016, shínigh oibreoirí córais tarchuir na Fraince (RTE) agus na hÉireann (EirGrid) meamram tuisceana chun an tIdirnascaire Ceilteach a chur chun cinn go dí an chéad chéim forbartha eile. Is idirnascaire leictreachais circa 700MW é an tIdirnascaire Ceilteach a nascfaidh Éire go díreach le heangach leictreachais mhór-roinn na hEorpa sa Fhrainc. I ndiaidh na staidéir féideartha a chur i gcrích thar na cúig bliana roimhe sin, chomhaontaigh EirGrid agus RTE an tionscadal a chur chun cinn go dtí an chéad chéim eile dá fhorbairt, a áiríonn dearadh tosaigh agus réamhchomhairliúchán.

I mí na Nollag 2016, thug an Bord Pleanála cead pleanála don chuid den Idirnascaire Thuaidh-Theas a bheidh in Éirinn. Feabhsóidh an tionscadal sin slándáil an tsoláthair agus laghdóidh sé costais tarchuir

leictreachais sa Mhargadh Leictreachais Aonair Uile-Oileáin. Tá an próiseas pleanála don chuid i dTuaisceart Éireann ar bun faoi láthair.

In 2016, thug EirGrid faoi obair chuimsitheach ullmhúcháin agus faoi chomhairliúchán poiblí maidir le forbairt a straitéise forbartha eangaí nua. Foilsíodh dréacht den straitéis sin i mí an Mhárta 2015 ag féachaint le haiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara ar fad. Tá an straitéis nua le foilsiú go luath in 2017 agus leagfar amach ann an chaoi a bhforbrófar bonneagar leictreachais na hÉireann sa todhchaí. Príomhghné den straitéis a bheidh sa tiomantas láidir chun rannpháirtíocht agus plé an phobail i bhforbairt na heangaí leictreachais a bhreisiú.

Thug an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh faoi phróiseas mionsonraithe réamhphleanála ar an gClár Náisiúnta Méadraithe Cliste. Tá toradh an phróisis sin le cur in iúl i lár 2017 agus tabharfar plean cuimsitheach a chinnfidh raon, méid agus amchlár an chláir.

## Fuinneamh In-Athnuaite

Lean an líon fuinnimh a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite ar aghaidh ag fás in 2016. Amhail deireadh na bliana bhí 3,120 MW de ghiniúint in-athnuaite nasctha leis an eangach, agus ba ghiniúint gaoithe 2,796 MW de sin. Leanadh ar aghaidh in 2016 le hobair ar Dhreasacht nua In-athnuaite Teasa agus Scéim Tacaíochta Leictreachais nua a fhorbairt. Chuir an dá scéim tús le measúnuithe geilleagracha ar chomh hinmharthana agus chomh héifeachtach ó thaobh costais de atá sé tacú le réimse teicneolaíochta in-athnuaite. Ta an Dreasacht In-athnuaite Teasa á forbairt faoi bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de chun an bhearna atá ag teacht chun cinn inár sprioc 2020 maidir le teas in-athnuaite a laghdú. Cinnteoidh an Scéim Tacaíochta Leictreachais go bhfreastalóidh foinsí in-athnuaite leictreachais ar mheascán cuí dár n-éileamh leictreachais. Nuair a chríochnaítear an anailís gheilleagrach ar an Dreasacht In-athnuaite Teasa agus Scéim Tacaíochta Leictreachais, tabharfar faoi chomhairliúcháin phoiblí sa chéad leath de 2017.

Ó mhí na Nollag 2016, tá forbróirí fuinneamh gaoithe tiomanta do Chód Cleachtais a chur i bhfeidhm d'Fhorbairt Fuinneamh Gaoithe in Éirinn le haghaidh rannpháirtíocht pobail ina gcuirtear béim ar rannpháirtíocht iomlán agus thrédhearcach le pobail áitiúla.

In 2016, tríd an gClár Fuinneamh Aigéin a mhaoiníonn an Roinn agus a riarann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), mhaoinigh caiteachas caipitil €3.58 milliún cláir agus tionscadail éagsúla a bhain le taispeántas agus taighde feidhmeach fuinnimh. Áiríodh leis sin 18 dtionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a mhaoiniú tríd an gCiste Forbartha le haghaidh Fréamhshamhla agus forbairt leanúnach bonneagar suíomhanna tástála fuinnimh, lena n-áirítear

cead pleanála a thabhairt d'Fhostáisiún in AMETS.  Chomh maith leis sin, in 2016 tharla coimisiúnú agus oibriú leanúnach Shaoráid Náisiúnta Tástála Aigéin LIR i gCorcaigh.

I mí na Nollag 2016 bunaíodh Tascfhórsa um Fheithiclí Astuithe Ísle ina bhfuil Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais. Tá an Roinn agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina gcomhchathaoirleach ar an Tascfhórsa sin. Roinneadh obair an tascfhórsa ina dhá chéim, agus díreoidh an chéad chéim go hiomlán ar fheithiclí leictreacha. Measann an Tascfhórsa go dtabharfar tuairisc eatramhach don Rialtas ar an gcéad chéim faoi mhí an Mheithimh 2017, le moltaí lena mbaineann. Molfar réimse roghanna chun go gcumasófar níos mó daoine chun feithiclí leictreacha a úsáid sna bliana beaga amach romhainn.



## An Clár 'Fuinneamh Níos Fearr'

Feidhmíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) an clár 'Fuinneamh Níos Fearr' thar ceann na Roinne. Tugann sé cúnamh deontais do theaghlaigh, do phobail agus do dhaoine atá i mbaol tearcrochtain fuinnimh le feabhsúcháin um thíosacht fuinnimh a dhéanamh.

In 2016, caitheadh €55 mhilliún faoin gclár:

- Rinneadh uasghrádú ar 6,743 teach i dtearcrochtain fuinnimh faoin gclár 'Fuinneamh Níos Fearr – Tithe Níos Teo' a chosain €20.7 milliún.
- Críochnaíodh 37 tionscadal faoin gClár Ceantarbhunaithe 'Fuinneamh Níos Fearr' agus rinneadh uasghrádú fuinnimh ar 2,013 teach agus ar 385 foirgneamh poiblí, príobháideach agus pobail ar chostas €16.7 milliún.
- Fuair 15,265 teach cúnamh deontais faoin scéim 'Tithe Fuinnimh Níos Fearr', agus tugadh faoi 36,000 beart éifeachtúlachta fuinnimh dá bharr, a chosain €17 milliún.
- Críochnaíodh 72 teach faoin gcéad chéime den scéim 'Teas agus Folláine' a chosain €0.55 milliún.
- Foilsíodh 93,000 Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER).
- Cuireadh maoiniú caipitil €500,000 ar fáil le tacú le líonra na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe.

## Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe

In 2016 seoladh Clár an bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe. Bíonn sé d'aidhm ag Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, fuinneamh in-athnuaite a úsáid nuair is féidir, agus soláthair fuinnimh díláraithe a fhorbairt. Áirítear le pobal na húsáideoirí fuinnimh difriúla sa phobal, ó áiteanna cónaithe go clubanna spóirt, ionaid pobail, séipéil agus gnóthaí.

Bhí 26 grúpa pobail ina mbaill bunaithe de líonra tacaíochta na bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe in 2016, agus léirigh 100 grúpa eile spéis a bheith ina mball de.

Spreagfar gach pobal a bheith páirteach i gcomhaontú comhpháirtíochta trí bliana agus maoineoidh agus soláthróidh ÚFIÉ tacaíochtaí éagsúla do na pobail sin chun cabhrú leo clár oiriúnaithe de ghníomhaíochtaí coigiltis fuinnimh a shainaithint, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm dá bpobal. Tógfaidh an scéim inniúlacht i bpobail agus spreagfaidh sí iad le tionscadail scála agus tionscadail níos uaillmhianaí i leith fuinneamh inbhuanaithe a thosú sna blianta amach romhainn.

## An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ó 2014 i leith, tá ceanglas ar gach mórsholáthróir fuinnimh in Éirinn coigilteas fuinnimh a sholáthar gach bliain. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh ach oibriú leis na tomhaltóirí fuinnimh sna hearnálacha tráchtála agus cónaitheachta, mar aon le teaghlaigh a bhfuil tearcrochtain fuinnimh acu.

Sa chéad chéim den scéim, ó 2014 go 2016, rinne soláthróirí fuinnimh a bhí faoi oibleagáid coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 1,868.8 GWh a chur ar fáil, a sháraigh an sprioc 1,650 GWh don tréimhse trí bliana. Dá bhrí sin, in achar gearr trí bliana bhí coigilteas fuinnimh arb ionann é agus ídiú bliantúil fuinnimh thart ar 100,000 teach bainte amach ag an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tugadh faoi athbhreithniú ar oibríocht na scéime sa tríú ráithe de 2016, chomh maith le comhairliúchán poiblí iomlán ar an scéim. Mar thoradh air sin, rinneadh roinnt athruithe ar oibríocht na scéime don dara céim, a bheidh ar bun ó 2017-2020. Is é an t-athrú is suntasaí go méadófar an líon coigilteas fuinnimh a theastaíonn ón tionscal fuinnimh de réir a chéile sa dara céim den scéim.

## Tearcrochtain Fuinnimh

An 2 Feabhra 2016, seoladh Straitéis nua chun dul i ngleic le Tearcrochtain Fuinnimh. Leagtar amach sa straitéis na gníomhartha a thógfar as seo go ceann tríú bliana chun ualach na tearcrochtana fuinnimh ar na daoine is leochailí sa tsochaí a mhaolú. Dírítear sa straitéis ar líon beag gníomhartha a mbeidh tionchar mór acu a dhéanfadh fíordhifríocht i saol na ndaoine lena mbaineann tearcrochtain fuinnimh. Bunaítear ann struchtúir rialachais nua chun gníomh ar thearcrochtain fuinnimh a

chomhtháthú níos fearr i gcinnteoireacht ar fud an Rialtais agus comhairle neamhspleách, shaineolach a chur ar an Rialtas ar chúrsaí a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh.

Coinnítear sa straitéis nua an cuspóir a leagadh amach sa chéad straitéis ón Rialtas ar fhuinneamh inacmhainne, a foilsíodh in 2011, is é sin gur cheart go mbeadh gach duine in ann a n-áit chónaithe a théamh agus a chumhachtú go cuí. Léirítear ann an dul chun cinn a rinneadh chun tuiscint a fháil ar chineál na tearcrochtana fuinnimh in Éirinn, chomh maith leis na tuairimí a fuarthas ó chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ar thearcrochtain fuinnimh i mí Feabhra 2015.



## An Scéim Teasa agus Folláine

Is scéim phíolótach nua í an Scéim Teasa agus Folláine a tugadh isteach in 2016 mar chuid de chur i bhfeidhm Straitéis nua an Rialtais chun dul i ngleic le Tearcrochtain Fuinnimh. Soláthróidh an scéim uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh doimhne a sholáthar do dhaoine a bhfuil géar-riochtaí riospráide ag gabháil dóibh agus a bhfuil drochbhail ar a n-áit chónaithe. Ach áiteanna cónaithe a iarfheistiú, tá sé d’aidhm ag an scéim Teasa agus Folláine teocht an aeir inmheánaigh agus cáilíocht an aeir in áiteanna cónaithe na ndaoine a bhfuil na riochtaí sin ag gabháil dóibh a fheabhsú. Ba cheart go maolódh sé sin comharthaí tinnis na ndaoine a bhfuil riochtaí riospráide orthu agus d’fhéadfadh go laghdófaí an gá a bhíonn acu seirbhísí sláinte a úsáid.

Tá an scéim phíolótach ar fáil go hiomlán saor in aisce do dhaoine i mBaile Átha Cliath 12 agus 24 atá faoi thearcrochtain fuinnimh agus a bhfuil géar-riochtaí riospráide ag gabháil dóibh. Díríodh an scéim ar dhaoine os cionn 55 bliain d’aois ar dtús ach i mí na Nollag 2016, d’fhógair an tAire leathnú na scéime go Baile Átha Cliath 8, 10 agus 22 agus go mbeadh teaghlaigh a bhfuil páistí óga acu i dteideal na scéime freisin.

Is comhthionscnamh beartais í an Scéim idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte faoin tionscnamh Éire Shláintiúil agus tá sí á comhoibriú ag ÚFIÉ agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 33% faoi 2020. Foilsíodh an Mhonatóireacht agus an Tuairisceoireacht is déanaí ó ÚFIÉ i dtaca le measúnacht feidhmíochta in 2016 agus léirítear ann go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis an sprioc

sin a bhaint amach. Bhí comhlachtaí na hearnála poiblí ag tuairisciú feabhsuithe 21% ar éifeachtúlacht fuinnimh – 2,442 GWh – faoi dheireadh 2015.

I mí na Nollag 2016 cheadaigh an Rialtas Straitéis um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, an chéad straitéis dá leithéid in Éirinn agus leagadh dualgas ar chomhlachtaí na hearnála poiblí a forálacha a chur i bhfeidhm.   Sainaithnítear sa Straitéis na réimsí ina bhféadfaí tuilleadh coigiltis a dhéanamh agus tugtar treoir ar chuir chuige éifeachtacha i leith bainistíocht fuinnimh chomh maith le cás-staidéir de chuir chuige ar éirigh leo.  Tugtar breac-chuntas ar an réimse tacaíochtaí atá ar fáil do chomhlachtaí na hearnála poiblí agus déantar foráil ann chun na tacaíochtaí sin a bhreisiú tuilleadh.  Ar cheann de na príomhfhorálacha sa straitéis tá an struchtúr nua rialachais ina n-áirítear ainmniú oifigigh shinsearaigh i ngach comhlacht – Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh – a bheidh freagrach as cuspóirí bainistíocha fuinnimh a bhaint amach agus as tuairisciú orthu.

## Lipéadú Fuinnimh agus Éicidhearadh

D'fhonn a chinntiú go ndéantar de réir na ríomh-Threoracha agus na Rialachán Lipéadaithe Fuinnimh, Éicidhearaidh agus Lipéadaithe Bonn, ceanglaítear ar gach ballstát tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faireachais margaidh. Mar an tÚdarás Faireachais Margaidh ainmnithe, tá an Roinn seo freagrach as forfheidhmiú na reachtaíochta sin.

Ionas gur féidir an tseirbhís a fheabhsú, agus leas á bhaint as sineirgí laistigh de ÚFIÉ, d’aistrigh an Roinn an fhreagracht oibríochta as na feidhmeanna faireachais margaidh (cigireachtaí ina measc) go dtí ÚFIÉ in 2016.  Beartaítear go dtabharfaidh ÚFIÉ faoi na feidhmeanna faireachais margaidh (forfheidhmiú) eile i rith 2017.

I rith na bliana 2016, tugadh faoi 90 cigireacht faireachais margaidh d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí agus iompórtálaithe ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí faoi reachtaíocht agus rinneadh obair leantach nuair ba ghá.



# Cuspóir Ardleibhéil 6: Acmhainní Nádúrtha

Leas a bhaint as ár n-iascaigh intíre, ár mianraí, ár hidreacarbón agus ár n-acmhainní geolaíocha eile, agus iad a bhainistiú, ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil.

Tá sé de chúram ar an Roinn bainistiú a dhéanamh ar Acmhainní Nádúrtha na tíre ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil. Tá an earnáil sin ina foinse thábhachtach chruthaithe saibhris, is foinse mhór fostaíochta í agus rannchuidíonn sí go mór lenár leas geilleagrach agus lenár mbonn ioncaim.

## Mianraí

Ba í Éire an tríú táirgeoir is mó de shinc san Eoraip i rith 2016. I ndiaidh do Mhianach Mianach an Lisín dúnadh in 2015, is é Mianach na Teamhrach Boliden, oibríocht since/luaidhe faoi thalamh san Uaimh, an t-aon mhianach táirmhiotail i mbun táirgeadh faoi láthair in Éirinn. Ach lean an ghníomhaíocht taiscéalaíochta mianraí ar aghaidh go flúirseach in Éirinn in 2016.

Meastar go n-achtófar an Bille um Fhorbairt Mianraí, a foilsíodh in 2015, in 2017. Is mian leis an mBille an reachtaíocht a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú i dtaca le taiscéaladh agus eastóscadh mianraí (luaidhe, sinc, gipseam, etc. cé is moite de peitriliam), agus raidhse reachtaíochta ó 1940 go 2006 a athsholáthar. Déanfaidh an Bille foráil níos fearr d'acmhainní mianracha a chuardach, a fhorbairt, a bhainistiú agus a rialú sa Stát.

Sa bhliain 2016, lean an Roinn uirthi ag déanamh monatóireachta ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta d'fhonn a chinntiú go mbeifí ag comhlíonadh choinníollacha na gCeadúnas agus na Léasanna Mianadóireachta Stáit agus ag déanamh de réir an tsárchleachtais. Mar chuid den ghníomhaíocht rialála bhí iniúchtaí ar oibríochtaí mianadóireachta, idir oibríochtaí dromchla agus faoi thalamh.

Bhí 567 ceadúnas sirtheoireachta mianraí gníomhach amhail an 31 Nollaig, i gcomparáid le 575 ceadúnas ag deireadh 2015. Bhí na ceadúnais i seilbh meascáin leathain de chuideachtaí taiscéalaíochta dúchasacha agus de chuideachtaí móra taiscéalaíochta idirnáisiúnta. B’ionann an caiteachas díreach a d’infheistigh sealbhóirí ceadúnais sirtheoireachta i bhfeidhmiú na gceadúnas sin agus €10.9 milliún.

Tugadh aitheantas arís do bheartais agus do chúrsaí riaracháin in Éirinn i dtaca le mianadóireacht i dtuarascáil tagarmharcála idirnáisiúnta ón Fraser Institute atá lonnaithe i gCeanada. Chuir an suirbhé bliantúil is deireanaí do 2016, bunaithe ar fhreagraí ón tionscal, Éire ar thús cadhnaíochta sa domhan i measc 104 dlínse as dea-bheartas mianadóireachta den ceathrú bliain as a chéile.

## Gáscheantar na Coiribe

Ba é 2016 an chéad bhliain iomlán táirgthe i ngáscheantar na Coiribe, atá 83 km siar ó thuaidh ó chósta na hÉireann. Soláthraítear an gás a tháirgtear sa gháscheantar don eangach náisiúnta via píblíne 149 km a thóg Líonraí Bhord Gáis, a shíneann ón gcríochfort gáis i mBéal an Átha Buí i gCo. Mhaigh Eo go Baile an Mhóinín lasmuigh de Ghaillimh.

Ar na buntáistí geilleagracha a bhaineann le gáscheantar na Coiribe tá táirgeadh dúchasach a chur in áit gás iompórtáilte, fáltas díreach don Státchiste, an ghníomhaíocht nach beag gheilleagrach a bhaineann le céim forbraíochta an tionscadail mar aon le slándáil sholáthar fuinnimh na hÉireann a threisiú. Meastar go mbeidh saolré oibriúcháin idir 15 agus 20 bliain ag gáscheantar na Coiribe.

## Taiscéalaíocht Ola agus Gáis Amach ón gCósta

Leanann an Roinn ar aghaidh ag cothú go gníomhach deiseanna taiscéalaíocht agus forbraíochta amach ó chósta na hÉireann i measc thionscal idirnáisiúnta an gháis agus na hola. Mar chuid de ghníomhaíocht an tionscail in 2016 bhí ceithre shuirbhé éadála seismeacha 3T a bhí lonnaithe go príomha in Imchuach Porcupine. Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht druileála i rith 2016. Amhail dheireadh 2016 bhí trí léas peitriliam, dhá Ghnóthas Léasa, 27 Ceadúnas Taiscéalaíochta agus 35 Rogha Cheadúnúcháin gníomhach amach ó chósta na hÉireann. Tá líon na n-údarúchán taiscéalaíochta atá i bhfeidhm ar an leibhéal is airde ó cuireadh tús le taiscéalaíocht amach ó chósta na hÉireann dhá scór bliain ó shin.

## Babhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh

I rith 2016, bronnadh 28 Rogha Cheadúnúcháin i ndiaidh freagra an-dearfach ar Bhabhta Ceadúnúcháin Taiscéalaíochta Ola agus Gáis Imeall an Atlantaigh 2015, a d'oscail do cheadúnais do gach mór-imchuach na hÉireann san Atlantach: Porcupine, Goban Spur, Ceann Léime, Erris, Dún na nGall agus Rocal. Roghanna Ceadúnúcháin dhá bhliain a bhí ar fáil mar údarú peitriliam; cé gur cinneadh cáilíocht an chláir aontaithe oibre fad gach Rogha Ceadúnúcháin i ndáiríre. Sa chás gur mian le sealbhóirí Roghanna Ceadúnúcháin bogadh ar aghaidh agus ceadúnas taiscéalaíochta a lorg, is Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann a mhairfidh cúig bliana déag a bheidh ann, ar trí bliana a bheidh sa chéad chéim agus trí chéim cheithre bliana ina dhiaidh sin. Ba é sin an líon ba mhó a bronnadh riamh ar aon bhabhta ceadúnúcháin a reáchtáladh Amach ó Chósta na hÉireann. Tráth a bhfuil praghas ola an-íseal is díol misnigh é an spéis mhór a bhí sa fhreagairt ar an mBabhta. Roinneadh an measúnú ar

na hiarratais ina dhá chéim mar gheall ar an líon mór tairiscintí iomaíocha forluiteacha agus ar chomh casta is a bhí siad. Cuireadh an measúnú ar na hiarratais sa chéad chéim i gcrích i mí Feabhra 2016, agus bronnadh 14 Rogha Cheadúnúcháin sa chéim sin. Bronnadh 14 Rogha Cheadúnúcháin eile i mí an Mheithimh 2016, nuair a cuireadh an measúnú ar na hiarratais sa dara céim i gcrích.

## An Clár ObSERVE

Is éard atá sa chlár ObSERVE, atá ar bun ag an Roinn i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta thar an tréimhse 2015 go 2018, clár suntasach éadála sonraí arb ann dó chun sonraí nua bonnlíne comhshaoil a fháil, agus é mar aidhm leis bearnaí reatha sna sonraí i dtaca le speicis chosanta mhuirí agus láithreáin in imchuacha tábhachtacha amach ón gcósta a líonadh. Cuimsíonn sé suirbhéanna fuaime i dtaca le céiticigh in uiscí faoi leith ar Imeall an Atlantaigh, agus sraith aershuirbhéanna i dtaca le céiticigh agus éanlaith mhara. Baineann an Clár ObSERVE, a thosaigh i lár 2015, go sonrach le hÉirinn, sa mhéid is go nglacann sé cur chuige réamhghníomhach d'fhonn léirthuiscint a fháil ar mhinicíocht, ar dháileadh agus ar dhlús ainmhithe laistigh de limistéar sainithe amach ón gcósta, bunaithe ar shonraí a fhaightear.

Rachaidh an Clár ObSERVE chun sochair don chóras rialála chun iarratais ar ghníomhaíochtaí peitriliam a mheas maidir leis an dlí comhshaoil a chomhlíonadh. Rachaidh sé chun sochair do lucht tionscail freisin i dtaca le gníomhaíochtaí peitriliam a phleanáil don limistéar amach ó chósta na hÉireann agus le tuiscint a fháil ar na bearta maolaithe a bheidh de dhíth. I rith 2016, tugadh faoi mhéid mór obair suirbhéireachta atá ar bun go fóill agus a bheidh go dtí deireadh 2017. Is léir cheana féin, áfach, go bhfuil sonraí iontaofa d'ardchaighdeán faoi scaipeadh agus líonmhaireacht céiticeach agus éanlaith mhara amach ón gcósta in Éirinn á mbailiú sa dá mhodh suirbhéireachta atá in úsáid.

## Taiscéalaíocht agus Eastóscadh Neamhghnách Gáis

Lean Airí éagsúla den mhoratóir ar Thaiscéaladh agus Eastóscadh Neamhghnách Gáis a fógraíodh in 2011 agus tá sí fós i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní dhéantar aon taiscéalaíocht agus eastóscadh neamhghnách gáis in Éirinn.

I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tuarascáil Comhchlár Taighde ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith le taiscéaladh neamhghnách gáis ar an gcomhshaol agus ar shláinte an chine dhaonna. Tugadh breac-chuntas sa taighde a stiúir an Ghníomhaireacht ar shaincheisteanna nach bhfuil réitithe go fóill, lena n-áirítear imní faoi chaighdeán an aeir agus screamhuisce.

In 2016, thug an Teachta Tony McLoughlin Bille Comhalta Phríobháidigh isteach chun cosc a chur ar scoilteadh hiodrálach. Ritheadh an Bille trí léamh an dara céim an 27 Deireadh Fómhair 2016.

## Forbairt agus Taighde Geo-eolaíochta

Leanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (SGÉ) ar aghaidh ag forbairt Earnáil na Geolaíochta trína ról i dtaca le soláthar sonraí, faisnéise, comhpháirtíochta agus uirlisí pleanála geolaíochta agus tacaíocht taighde, agus is í an phríomhghníomhaireacht í le haghaidh tionscnaimh shonracha éagsúla. In 2016, choimisiúnaigh SGÉ staidéar scópála le haghaidh Lárionad Náisiúnta Sonraí Geolaíocha agus chuir sí na chéad chéimeanna i bhfeidhm trí bhreathnóirí sonraí digiteacha ar líne a athfhorbairt.

## Clár Tuilte Screamhuisce agus Turlach

Mar fhreagra díreach ar na tuilte i ngeimhreadh 2015/2016 agus Clár an Rialtais in 2016, soláthraíodh maoiniú don tSuirbhéireacht Gheolaíochta chun tabhairt faoi shuirbhé ar thurlaigh i Ros Comáin, sa Longfort, i Maigh Eo, sa Chlár agus i nGaillimh as seo go ceann trí bliana. Cuireadh tús leis an obair trí 40 stáisiún ionstraimí a chur isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil reatha uisce sna turlaigh chomh maith le hanailís stairiúil ar bháisteach agus ar thuilte trí thaifid agus sonraí satailíte chun samhlacha iompair cruinne a fhorbairt. Táthar ag tabhairt faoin obair i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag tógáil ar thaighde fairsing agus ar shaineolas screamhuisce SGÉ.




## INFOMAR

Is é INFOMAR an príomhchlár náisiúnta trína ndéantar ár gcríoch luachmhar mhuirí ar fad a léarscáiliú, ar críoch í atá beagnach deich n-uaire níos mó ná mhórchríoch na hÉireann. Maoiníonn an Roinn INFOMAR agus tugann SGÉ faoi, i gcomhar le Foras na Mara. Tá clár INFOMAR ina chuid lárnach den Phlean Comhtháite Muirí d'Éirinn “Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin”. Léiríodh i staidéir sheachtracha gheilleagracha roimhe seo go bhfuil an toradh ar infheistíocht le haghaidh INFOMAR os cionn ceithre huaire níos mó ná costas na héadála sonraí agus go mbíonn an toradh seo le brath in earnálacha éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus eagraíochtaí taighde ina measc.

Tugadh Oibríochtaí Chéim 1 chun críche in 2015, ina measc léarscáiliú a dhéanamh ar na 26 Cuas Tosaíochta uile agus ar thrí limistéar Tosaíochta amach ón gcósta, laistigh den tréimhse agus den bhuiséad a leagadh amach. Cuireadh tús le Céim 2 de INFOMAR in 2016. Bhí athbhreithniú seachtrach ar Chéim 1 thar a bheith dearfach agus tugadh treoir shoiléir ann freisin do Chéim 2 de INFOMAR, a chuimsíonn léarscáiliú críoch mhara na hÉireann a chríochnú, a chinntiú go n-úsáidtear

na sonraí sin chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as táirgí agus seirbhísí a fhorbraítear dá bharr. In 2016, rinne INFOMAR léarscáiliú ar 3,861 $km_2$ de cheantar scairbhe, lena n-áirítear léarscáiliú sa Mhuir Cheilteach agus san Atlantach siar ó Mhaigh Eo agus léarscáiliú cladaigh a chríochnú ó na Clocháin Liath go tuaisceart Loch Garman. Baintear úsáid as na sonraí agus as an eolas atáthar a bhailiú faoin gclár INFOMAR i raon réimsí, ina measc: sábháilteacht/cairtiú mara; fuinneamh amach ón gcósta; uisceshaothrú; cosaint an chósta; cosaint an chomhshaoil; oidhreacht na long báite; turasóireacht agus taighde na mara.

## Tionscnaimh Gheo-eolaíochta

Sraith bearta dírithe iad seo a bhainistíonn SGÉ, chun tacú le pleanáil agus chun ról agus feidhm na Geo-eolaíochta/Geolaíochta in Éirinn a fhorbairt. Táthar ag tabhairt thionscadail ilbhliantúla, bunaithe ar éileamh na bpáirtithe leasmhara agus ar thacair shonraí atá ar fáil le déanaí. Áirítear leo sin léarscáiliú comhtháite talún, a thugann léarscáiliú geolaíoch dromchla agus níos doimhne le chéile mar fhreagairt ar thacair shonraí nua ó Tellus agus léarscáiliú 3T screamhuisce ar uiscígh choimpléacsúla, mar shampla i gcarstcheantair, gaineamh agus gairbhéal, agus áit a bhfuil fadhbanna áirithe le caighdeán an uisce.

Cuireadh tús freisin le tionscadail screamhuisce i réimsí ríthábhachtacha na hidriceimice agus an léarscáilithe criosanna aistrithe, agus tugadh tacaíocht leanúnach do thionscnaimh gheoiteirmeacha. Rinneadh dul chun cinn i sonraí LIDAR do léarscáiliú screamhuisce/gnéithe carst trí chomhoibriú le Coillte a choigil airgead. Chomh maith leis sin, críochnaíodh Léarscáil Náisiúnta um Baol Sciorrtha Talún chun críche agus cuireadh ar fáil ar líne í, agus leanann SGÉ ar aghaidh ag tacú le líonra Domhanda Geopháirceanna UNESCO, a áiríonn trí láithreán Éireannacha: an Cósta Copair (Port áirge), Boireann/Aillte an Mhothair (an Clár) agus an Stua Marmair (an Cabhán/Fear Manach).

## Tellus

Is é Tellus an clár ilghradaim chun sonraí eolaíochta a bhailiú ar ithreacha, ar uisce agus ar charraigeacha trí shampláil gheoiceimiceach ar an talamh agus trí shuirbhéanna geoifisiceacha ón aer. Go dtí seo, cuireadh Tellus i gcrích i dTuaisceart Éireann, sna contaetha cois teorann agus i dTuaisceart Lár na Tíre. In 2016, tugadh faoi shuirbhéanna Tellus i nGaillimh agus i Maigh Eo go príomha, chomh maithe le suirbhéireacht ón aer i bPort Láirge i gcomhar le páirtithe leasmhara tionscail. Eisíodh sonraí ar feadh na bliana, ag imeacht for-rochtana a d'óstáil Geopháirc an Chósta Copair i bPort Láirge ina measc. San fhómhar, thionóil Tellus fóram do pháirtithe leasmhara a tharla

le seoladh an leabhair “Unearthed; impacts of the Tellus surveys of the north of Ireland”, a táirgeadh leis an tSuirbhéireacht Gheolaíochta i dTuaisceart Éireann agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann.
Faoi dheireadh 2016, bhí Tellus ag teacht lena sprioc chun suirbhéireacht ón aer a dhéanamh ar 50% d’Éirinn faoi dheireadh 2017, agus go mbeadh an tsampláil ar an talamh réidh faoi 2018. Lean an clár Tellus ar aghaidh ag obair go dlúth le lucht leasa i dtaca le haschuir agus ag déanamh urraíochta ar thionscadail taighde fheidhmigh ar fud raon leathan earnálacha ó chúrsaí talmhaíochta go comhshaoil go taiscéalaíocht mianraí.

## Geo-eolaíocht Éireann

Lean SGÉ ar aghaidh ag obair le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun cnuasach gnó Gheo-eolaíocht Éireann a fhorbairt mar fhiontar ardtáirgiúlachta, agus féinmharthana agus earnáil bunaithe ar easpórtáil. Aithnítear an gá atá leis na scileanna agus leis na seirbhísí a chuireann an pobal geolaíochta ar fáil a idirnáisiúnú agus a margaí a éagsúlú. In 2016, mhéadaigh an cnuasach go 28 cuideachta le láimhdeachas de bhreis ar €310 milliún. Chuir ballchuideachtaí breis is 470 post nua ar fáil ó ghlac siad páirt ann agus tá siad ag feidhmiú i mbreis is 50 tír. Is ó thíortha thar lear a fhaightear 69% den ioncam. In 2016 amháin, chuir na baill 179 post glan nua ardoilte leis.

## Taighde

Tugann SGÉ tacaíocht do thaighde geo-eolaíochta trí sholáthar sonraí, trí chomhpháirtíocht agus trí chúnamh airgeadais. In 2016, d’fhoilsigh SGÉ Treochlár Taighde inar tugadh breac-chuntas ar thionscnaimh bheartaithe sa réimse agus fuair sí comhairliúchán cuimsitheach agus aiseolas dearfach air. In 2016, fuair SGÉ tuarascálacha deiridh ó 40 tionscadal faoi Ghlao um Thaighde Gairid, suas go bliain amháin, ar uaschostas €30,000. Lucht tionscail/fiontair bheaga agus mheánmhéid a bhí i gceannas ar 18 dtionscadal agus lucht acadúil a bhí i gceannas ar 22 cinn díobh. Ba in 2016 freisin a d’urraigh SGÉ Fulbright den chéad uair; thaistil beirt go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus faomhadh beirt le taisteal go hÉirinn. Comhaontaíodh comhoibrithe taighde freisin le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus leis an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freisin. Faoi dheireadh 2016, bhí tiomantais taighde €2.5 milliún ag SGÉ, ag giaráil maoiniú €7.8 milliún ar an iomlán.
Ina theannta sin, ba é 2016 an dara bliain a raibh Lárionad nua na hÉireann do Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG) i mbun oibre. Cuimsíonn iCRAG gach Roinn Geo-eolaíochta Tríú Leibhéal in Éirinn, tá maoiniú €18 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann aige, mar aon le €8 milliún ó chomhpháirtithe tionscail agus reáchtálfar é ar feadh tréimhse sé bliana go deireadh 2020. Tá tacaíocht láidir ag iCRAG ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

agus ó SGÉ agus beidh ról nach beag aige i dtaighde agus i dtuiscint na geo-eolaíochta in Éirinn agus i dtionchar na geo-eolaíochta ar an tsochaí.



## Iascaigh Intíre

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur beartas Rialtais i bhfeidhm chun bainistíocht an iascaigh bradán fiáin a thabhairt ar aon dul le comhairle eolaíochta agus chuige seo tugadh isteach seacht bhfodhlí agus dhá Ionstraim Reachtúla, ag cur leibhéil stocála ar leith na n-aibhneacha san áireamh. Cuireadh sraith rialachán i bhfeidhm faoi dheireadh 2016 roimh bhiaiste na mbradán 2017.

Leanadh ar aghaidh ag cur an phlean náisiúnta um bainistiú eascann i bhfeidhm d'fhonn cloí le Rialachán ón gComhairle AE 1100/2007. I measc na mbeart ar tugadh fúthu bhí oibríochtaí chun eascanna a ghabháil agus a iompar thart ar stáisiúin hidreachumhachta BSL ar an tSionainn, ar an Laoi agus ar an Éirne mar aon le sampláil eolaíoch. Tá an Fodhlí um Iascaireacht Eascann a Chaomhnú, a chuireann cosc le hiascaireacht, le sealbhú nó le díol eascann a ghabhtar in abhainn sa Stát, i bhfeidhm go dtí 2018. Tugadh maoiniú do thionscnamh nua comhoibríoch taighde d'Iascach Intíre na hÉireann ina mbeidh baint ag eolaithe Iascach Intíre Éireann agus iar-iascairí eascann ag féachaint d'eolas breise náisiúnta a fhorbairt i ndáil le speicis agus leis an dóchas meántréimhseach agus fadtréimhseach dá slánú. Cuireadh tús leis an iascach eolaíochta sin in 2016 agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh trí bliana meastar d'fhonn cur le sonraí agus le heolas sula ndéanfar athbhreithniú eile ar bhearta bainistithe eascann, mar a éilítear faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh, in 2018.

Bhí rialachas corparáideach ag an Roinn i dtaca le hIascach Intíre Éireann agus le Gníomhaireacht na Lochanna (mar Roinn chomhthionscanta), a chinntíonn go gcloítear le cóid chuí chleachtais, le próifílí buiséadúcháin agus le ceanglais reachtúla.

D'oibrigh an Roinn go dlúth le hIascach Intíre Éireann in 2016 chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú ar éifeachtúlachtaí, ar chuíchóiriú réadmhaoine, agus ar nuálaíochtaí i dtéarmaí cosaint iascach chun éifeachtacht in úsáid acmhainní a mhéadú. Críochnaíodh an chéad chéim d'fheistiú saoráidí nua Iascach Intíre Éireann le haghaidh stóráil, saotharlann agus cartlann (réadmhaoin gar dá cheanncheathrú in Iarthar na Cathrach) agus tá an dara agus an tríú céim den fheistiú ar bun faoi láthair. Is léiriú eile é sin ar straitéis Iascach Intíre Éireann maidir le himeacht ó léasanna costasacha fadtéarma, atá ag teacht le beartas an Rialtais agus le hoibríochtaí cuíchóiriúcháin.

Bhí forbairt don earnáil slatiascaireachta i dtús cadhnaíochta in 2016. Meastar go gcuireann an earnáil €836 milliún le geilleagar na hÉireann gach bliain agus go dtacaíonn sí le 11,000 post

Éireannach. Is minic gur i bpobail tuaithe agus imeallacha a bhíonn na poist seo. Is é an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta an chéad chreat náisiúnta chuimsitheach chun ár n-acmhainn slatiascaireachta a fhorbairt. Tá sé mar aidhm aici an méid a chuireann an tslatiascaireacht leis an ngeilleagar a mhéadú go €932 milliún in aghaidh na bliana agus 1,800 post breise a chur ar fáil. Chuir an Roinn €500,000 de thacaíocht mhaoiniúcháin ar fáil don Straitéis in 2016 agus mheas Iascach Intíre Éireann iarratais le haghaidh tionscadail bunaithe ar an maoiniú sin. Tugadh cead i mí na Nollag 2016 don chéad €500,000 d'infheistíocht le haghaidh 50 tionscadal pobalbhunaithe ar fud na tíre ceadaithe.

Ina theannta sin, tá maoiniú €536,000 faighte ag Iascach Intíre Éireann in 2016 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoin bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, a bhfuil an Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Slatiascaireachta ina cuid de.

Mar aitheantas ar an ngá atá le hathrú ó bhonn ar an reachtaíocht a rialaíonn earnáil na n-iascach intíre, lean an Roinn ar aghaidh le hathbhreithniú mionsonraithe ar na hAchtanna um Iascach 1959-2010, mar aon le réimse leathan reachtaíochta tánaistí lena mbaineann, ag féachaint le reacht nua-aimseartha amháin a tháirgeadh don earnáil.

D'fhreastail an tAire agus an tAire Stáit ar chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara) faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann (FCILC) i mí Mheán Fómhair 2016.



# Cuspóir Ardleibhéil 7: Rialachas agus Oibríochtaí

Cultúr luach ar airgead agus measúnú leanúnach ar ár bhfeidhmíocht a chur chun cinn agus a fheidhmiú ar bhonn intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach. Ár bhfoireann a fhorbairt agus an clár oibre um leasú na seirbhíse poiblí agus an Plean Athnuachana don Státseirbhís a sheachadadh agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

## Acmhainní Daonna

### Acmhainní Daonna Straitéiseacha

Leanadh ar aghaidh ag cur Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne i bhfeidhm in 2016. Tá sé phríomhchuid sa straitéis lena ngabhann príomhréimsí gníomhaíochta agus spriocanna cuir i bhfeidhm a shonraítear do gach snáithe. Is iad príomhghnéithe na straitéise:

- Seachadadh Seirbhíse Acmhainní Daonna
- Forbairt Gairme agus Inaistritheacht Fostaithe
- Forbairt Eagraíochtúil
- Bainistiú Tallann
- Foghlaim agus Forbairt
- Cumarsáid agus Comhairliúchán

### Bainistiú Acmhainní

Tá 333 ball foirne, arb ionann é sin agus 311 coibhéis lánaimseartha, fostaithe ag an Roinn faoi láthair. Áirítear leis sin aistriú 57 ball foirne i ndiaidh a sainiú d'fheidhmeanna san iar-Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2016.

### Forbairt Eagraíochtúil

D'éirigh go maith le tionscnamh píolótach faoi Chomhpháirtithe Gnó na nAcmhainní Daonna agus leis an gcur i bhfeidhm de réir a chéile ina dhiaidh sin sna réimsí Acmhainní Nádúrtha agus Cumarsáide sa Roinn. Trí oibriú go dlúth leis na Rannáin, is fearr an tuiscint atá ag Acmhainní Daonna ar na príomhdhúshláin i ngach réimse agus tá siad in ann oibriú leis na Rannáin chun a chur ar a gcumas straitéis na Roinne a bhaint amach.

## Pleanáil don Fhórsa Saothair

Sa bhliain 2016 bhí Plean don Líon Lucht Oibre ina bhunús le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime le déanaí, arbh é ab aidhm leo a chinntiú gur féidir leis an Roinn príomhthosaíochtaí a sheachadadh de réir amscálaí aontaithe.

Lean an Roinn ar aghaidh ag glacadh páirte go réamhghníomhach sa Chlár Oibre um Athnuachan agus Nua-chóiriú na Státseirbhíse chomh fada agus a bhain sé le tionscnaimh Acmhainní Daonna, le seirbhísí comhroinnte agus le feabhsuithe TFC. Áiríodh leis sin comhaontuithe leibhéal seirbhísí a bhainistiú le seirbhísí comhroinnte le haghaidh Acmhainní Daonna agus Párolla.

## Bainistiú Tallainne

D'éirigh le scéim phíolótach meantóireachta in 2016 chun tacú le gníomhaíochtaí bainistíochta tallainne. Bhí an scéim phíolótach ar fáil do gach fostaí agus ba é an aidhm a bhí léi ná clár a chruthú a chabhróidh le fostaithe nua a thabhairt ar bord sa Roinn. De bharr chomh maith is a d'éirigh leis an scéim phíolótach, cuirfidh Acmhainní Daonna Clár Meantóireachta foirmiúil i bhfeidhm in 2017.

## Beartas Bainistíochta Tinrimh

Tá ráta an ama a cailleadh de bharr saoire bhreoiteachta, is é sin um 3.05%, laistigh de spriocráta 3.5% na Státseirbhíse.

## Bainistiú Feidhmíochta

Tugadh athrú isteach ar oibríocht an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) in 2016, nuair a tugadh isteach córas dhá phointe – sásúil agus míshásúil – in áit an chórais rátála cúig phointe a bhíodh ann. Leanann Acmhainní Daonna ar aghaidh ag obair le bainisteoirí líne maidir leis na hathruithe agus ba é 92% an ráta comhlánaithe do PMDS in 2016.

## Inaistritheacht sa Státseirbhís

Ghlac an Roinn seo páirt i scéim phíolótach na Státseirbhíse le haghaidh Inaistritheacht Réigiúnach i Loch Garman.

## Foghlaim agus Forbairt

Thosaigh an Roinn ag cur cur chuige nua córasach i bhfeidhm i leith anailís ar riachtanais foghlama agus forbartha, agus i leith tús áite a thabhairt do réitigh foghlama agus forbartha, a bpleanáil, a dtaifead agus a measúnú, lena n-áirítear oibriú go dlúth leis an Lárionad nua Foghlama agus Forbartha atá ag síorathrú agus an tSamhail Chomhroinnte Foghlama agus Forbartha don Státseirbhís.

## TFC

Lean an Roinn ar aghaidh ag comhroinnt seirbhísí leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcúrsaí TFC. I rith 2016, rinne feidhm Córais Faisnéise na Roinne:

- comhtháthú foirne aistrithe ón Roinn Comhshaoil mar a bhíodh go dtí RCGAC a éascú
- líonra RCGAC a leathnú chun oifigí nua i Loch Garman agus i dTeach an Chustaim a nascadh
- suíomh gréasáin nua RCGAC a athdhearadh, a fhorbairt agus a shuiteáil i ndiaidh aistriú na bhfeidhmeanna
- suíomh gréasáin nua do SGÉ a athdhearadh agus a fhorbairt
- sonraí nua clúdaigh a chur i léarscáileanna an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú
- Líonra Limistéar Stórála nua a fháil agus a shuiteáil in áit an bhonneagair freastalaí agus stórála a bhíodh ag an Roinn
- crua-earraí agus bogearraí nua a fháil, a shuiteáil agus a chumrú
- croíbhonneagar an líonra a uasghrádú chun go bhféadfaí an Líonra Limistéar Stórála nua agus réiteach teileafónaíochta IP a shuiteáil ar fud na Roinne.

## Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Rannán um Rialachas Corparáideach sa bhliain 2015 chun cur chuige leanúnach a chur ar fáil i leith Rialachas Comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne agus tá sé freagrach as maoirsiú ar An Post, BSL, Bord na Móna, EirGrid, RTÉ, TG4, Údarás Craolacháin na hÉireann agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá cur chuige sruthlíneach curtha i bhfeidhm ag an Roinn i roinnt réimsí a bhaineann le Comhlachtaí Stáit, ina measc ceapachán le Boird Stáit, iarratais ar thoiliú Aire a phróiseáil, litreacha ionchais a fhorbairt do scairshealbhóirí agus monatóireacht airgeadais. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais nua le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Lúnasa 2016 agus tá an Rannán Rialachais Chorparáidigh ag obair leis na comhlachtaí Stáit ar fad chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán é sna tréimhsí tugtha.

## An Creat Rialachais Chorparáidigh don Roinn

I mí Aibreáin 2016 d'fhoilsigh an Roinn a Creat Rialachais. Ullmhaíodh an Creat de bhun Ghníomh 3 den Phlean Athnuachana don Státseirbhís agus tá sé bunaithe ar theimpléad a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag deireadh na bliana 2015.

Tá dea-rialachas i gcroílár fheidhmiú éifeachtach na Roinne. Tá sé riachtanach chun ár gcuid oibleagáidí reachtúla agus beartais a chur i ngníomh, chun ár gcuid cuspóirí a bhaint amach agus chun ár dtosaíochtaí a chur ar fáil ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Cinntíonn sé go mbíonn creat struchtúr, beartas agus próiseas i bhfeidhm chun na torthaí sin a bhaint amach. Is é aidhm ár

gCreata Rialachais spléachadh a thabhairt ar cé muidne, ar a ndéanaimid agus ar ár misean agus ár gcuid luachanna.



## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Má dhéantar cumarsáid éifeachtach le saoránaigh agus le heagraíochtaí, mar chuid de ghnáthoibríochtaí ár ngnó, cinntítear go bhforbraítear beartais le tuiscint iomlán ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara, agus go mbíonn tuiscint níos fearr ag an bpobal ar a raon chun tionchar a imirt ar na beartais sin. Cabhraíonn sé freisin le comhthoil a fhorbairt chomh maith le tuiscint ar an réasúnaíocht a bhí le cinntí beartais áirithe, a mbíonn an-spéis ag an bpobal iontu uaireanta.

Ceanglaítear go rialta freisin ar fhoireann na Roinne tabhairt faoi phlé foirmiúil le páirtithe leasmhara mar cheanglas reachtúil trí Mheasúnuithe Straitéiseacha Timpeallachta nó Coinbhinsiún Aarhus.

D'fhorbair an Roinn treoirlínte don fhoireann a ceapadh chun cabhrú leo na próisis sin a chur i gcrích le páirtithe leasmhara.

## Suíomh gréasáin RCGAC

In 2016 i ndiaidh aistriú na bhfeidhmeanna, chruthaigh an Roinn seo suíomh gréasáin nua chun freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara. Tugann suíomh na Roinne faisnéis eolach agus ábhartha dár bpáirtithe leasmhara i mbealach soiléir agus éasca le tuiscint, lena n-áirítear teanga shimplí a úsáid.

Tá an suíomh gréasáin inrochtana anois don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar a dteicneolaíocht nó ar a gcumas. Bímid ag obair go leanúnach chun inrochtaineacht agus inúsáidteacht ár suímh gréasáin a mhéadú.

## Airgeadas

Ba é €438.895 milliún an tOll-Chaiteachas do 2016, a mhaoinigh bearta tábhachtacha i réimsí na Cumarsáide, na Craoltóireachta agus Fuinnimh, an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2016

In 2016, d'ídigh an Roinn 3,500GWh fuinneamh ar méadú 10.4% é ar ídiú fuinnimh iomláin thar an tréimhse bhonnlíne 2006 – 2008. Bhí ídiú fuinnimh na Roinne i dtéarmaí leictreachais agus gáis thíos go mór i gcomparáid le 2015. Ach mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe, go háirithe le

Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (SGÉ), úsáideadh níos mó breosla agus anois tá Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh na Roinne 15.5% faoi bhun na tréimhse bonnlíne 2006 – 2008 agus muid ag druidim leis an sprioc coigiltis fuinnimh 2020.

I rith na bliana, mhéadaigh SGÉ an méid obair allamuigh a rinne sé faoin gclár Tellus, faoi Chosaint Uisce Óil agus faoin gclár nua Tuilte Screamhuisce/Turlach. Mar gheall air sin, bhí méadú suntasach ar ídiú an bhreosla iompair.  Tá cumas doimhneachta níos mó ag rige nua druileála SGÉ, a ceannaíodh in 2015, agus tá sé ag cur leis an méadú foriomlán sin freisin.

Tá Iniúchadh Fuinnimh a thosaigh sa Roinn in 2016 ar bun faoi láthair.

# Aguisín A: Struchtúr na Roinne ag deireadh na bliana 2016

**MARK GRIFFIN**
**AN tARD-RÚNAÍ**

| Katherine Licken<br>Rúnaí Cúnta | Michael Manley<br>Rúnaí Cúnta | Brian Carroll<br>Rúnaí Cúnta | Patricia Cronin<br>Rúnaí Cúnta | Matt Collins<br>Rúnaí Cúnta |
|---|---|---|---|---|
| Beartas agus Rialáil Teileachumarsáide | Éifeachtúlacht agus Incheannaitheacht Fuinnimh | Beartas agus Feasacht Comhshaoil | Acmhainní Daonna / Córais Faisnéise | Taiscéalaíocht agus Mianadóireacht |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | An Rannán um Beartas Straitéiseach Fuinnimh | Beartas Aeráide | Beartas Idirlín | Taiscéalaíocht agus Mianadóireacht Theicniúil |
| An Straitéis Náisiúnta Digiteachta agus Conarthaí sa Mhargadh Teileachumarsáide | Rialáil Leictreachais agus Gáis | Beartas Comhshaoil AE agus Idirnáisiúnta | Beartas Craoltóireachta | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann |
| Cumarsáid, Gnó agus Teicneolaíocht | Sláine an tSoláthair Fuinnimh | Cáilíocht an Aeir / Beartas Radaíocht Chomhshaoil | Tacaíocht Chorparáideach | Iascaigh Intíre |
| Príomh-Chomhairleoir Teicniúil | Beartas agus Comhordú an Dícharbónúcháin | Aonad Comhairleach Comhshaoil | Eircode | Forbairt Peitriliam |
| Cibearshlándáil | Oifig an Phríomh-Chomhairleora Theicniúil | | Rialachas Corparáideach | Taiscéalaíocht Peitriliam |
| | | | Gnóthaí Airgeadais agus Corparáideacha | Gnóthaí Peitriliam Teicniúla |
| | | | Iniúchóireacht Inmheánach | Beartas Dramhaíola agus Éifeachtúlacht Acmhainní |
| | | | An Phreasoifig | |
| | | | Aonaid | |

Eacnamaíochta / Dlí

Forbairt Straitéiseach agus Cumarsáid

# Aguisín B: Vóta 29 – Meastacháin agus Caiteachas Sealadach 2016


| Fotheideal | Meastachán 2016 €000 | Caiteachas Sealadach 2016 €000 |
|---|---|---|
| **Cumarsáid** | | |
| A.1 - Riarachán: Pá | 4,524 | 4,030 |
| A.2 - Riarachán: Neamhphá | 1,869 | 1,310 |
| A.3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 16,750 | 5,392 |
| A.4 - Forbairtí Ilmheán (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 5,438 | 4,654 |
| A.5 - Sochaí na Faisnéise & Ríomhchuimsiú (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 5,664 | 3,664 |
| A.6 - Seirbhísí Eile | 500 | - |
| Fo-iomlán | 34,745 | 19,050 |
| **Craoltóireacht** | | |
| B.1 - Riarachán: Pá | 959 | 855 |
| B.2 - Riarachán: Neamhphá | 639 | 440 |
| B.3 - Deontas do RTÉ | 185,724 | 179,285 |
| B.4 - Íocaíocht leis An Post | 12,457 | 11,494 |
| B.5 - Deontas do TG4 | 34,860 | 35,360 |
| B.6 - Ciste Craolacháin | 14,704 | 13,657 |
| Fo-iomlán | 249,343 | 241,091 |
| **Fuinneamh** | | |
| C.1 - Riarachán: Pá | 4,425 | 3,942 |
| C.2 - Riarachán: Neamhphá | 2,261 | 1,544 |
| C.3 - Riarachán agus Costais Ghinearálta ÚFIÉ | 7,351 | 7,165 |
| C.4 - Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 69,187 | 66,262 |
| C.5 - Cláir Taighde Fuinnimh | 10,561 | 6,321 |
| C.7 - Seirbhísí Gáis | 32 | 23 |
| C.8 - Íocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 290 | 254 |
| Fo-iomlán | 94,107 | 85,511 |
| **Acmhainní Nádúrtha** | | |
| D.1 - Riarachán: Pá | 6,262 | 5,578 |
| D.2 - Riarachán: Neamhphá | 3,341 | 2,414 |
| D.3 - Seirbhísí Peitriliam | 441 | 191 |
| D.4 - Seirbhísí Mianadóireachta | 3,585 | 1,560 |
| D.5 - Seirbhísí SGÉ | 9,584 | 9,817 |
| D.7 - Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 135 | 120 |
| Fo-iomlán | 23,348 | 19,680 |

| Fotheideal | Meastachán 2016 €000 | Caiteachas Sealadach 2016 €000 |
|---|---|---|
| **Iascaigh Intíre** | | |
| E.1 - Riarachán: Pá | 869 | 774 |
| E.2 - Riarachán: Neamhphá | 442 | 296 |
| E.3 - Iascaigh Intíre | 27,053 | 29,322 |
| Fo-iomlán | 28,364 | 30,392 |
| **Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola** | | |
| F.1 - Riarachán: Pá | 3,843 | 3,629 |
| F.2 - Riarachán: Neamhphá | 2,183 | 1,315 |
| F.3 - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 24,932 | 24,932 |
| F.4 - An Ciste Carbóin | 470 | 423 |
| F.5 - Ceangaltais Athraithe Aeráide Idirnáisiúnta | 2,000 | 2,000 |
| F.6 - Feabhsúchán Líonta Talún | 13,180 | 7,816 |
| F.7 - Samhaltú agus Taighde Teicniúil | 1,250 | 335 |
| F.8 - Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 3,000 | 2,721 |
| F.9 - Seirbhísí Eile | 47 | - |
| Fo-iomlán | 50,905 | 43,171 |
| Olliomlán | 480,812 | 438,895 |

| | | |
|---|---|---|
| **Leithreasaí i gCabhair** | | |
| F.1 - Fáltais ó Fhíneálacha agus ó Fhorghéilleadh de bharr Coireanna Iascaireachta | 50 | 19 |
| F.2 - Fáltais ó Mhianraí agus ó Pheitriliam | 8,795 | 8,056 |
| F.3 - Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 192 |
| F.4 - Táillí Ceadúnais Craolacháin | 222,130 | 213,681 |
| F.5 - Fáltais ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta | 300 | 185 |
| F.6 - Cíos ar Áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 204 |
| F.7 - Fáltais Ilghnéitheacha | 1,280 | 1,879 |
| F.8 - Ranníocaíochtaí Pinsin ó Ghníomhaireachtaí | 694 | 641 |
| F.9 - Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 4,089 | 3,678 |
| Iomlán le haghaidh leithreasaí i gcabhair | 237,998 | 228,535 |
| Iomlán glan | 242,814 | 210,360 |

| Achoimre ar Chaiteachas Sealadach 2016 | |
|---|---|
| Clár | Caiteachas €000 |
| Cumarsáid | 19,050 |
| Craoltóireacht | 241,091 |
| An Earnáil Fuinnimh | 85,511 |
| Acmhainní Nádúrtha | 19,680 |
| Iascaigh Intíre | 30,392 |
| Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola | 43,171 |
| Iomlán | 438,895 |

## Caiteachas Sealadach 2016



# Aguisín C: Reachtaíocht

## Achtanna Achtaithe agus Billí Eile

ACHTANNA

An tAcht Fuinnimh, 2016, arna achtú an 21 Iúil 2016 agus arnú síniú ag an Uachtarán an 30 Iúil 2016.

## Billí a ndearnadh dul chun cinn ina leith nó a tionscnaíodh

- An Bille um Thoirmeasc ar Pheitriliam i dTír Mór a Thaiscéaladh agus a Astarraingt, 2016
- An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú), 2016

## Ionstraimí Reachtúla

Rinneadh na hIonstraimí Reachtúla seo a leanas sa bhliain 2016:

| I.R. Uimh. | Teideal |
|---|---|
| *24 de 2016* | *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú), 2016* |
| *42 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Srian ar Shubstaintí Guaiseacha Áirithe i dTrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú), 2016* |
| *115 de 2016* | *An tOrdú chun Iascaireacht Bradán a Rialú I.R. Uimh. 115, 2016* |
| *128 de 2016* | *Na Rialacháin um an Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díolachán, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) (Leasú), 2016* |
| *129 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh Ghás Peitril Chéim II nuair atá breosla á chur i mótarfheithiclí i stáisiúin peitril) (Leasú), 2016* |
| *225 de 2016* | *An tOrdú um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla), 2016* |
| *315 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola) (Leasú), 2016* |
| *346 de 2016* | *Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) (Uimh. 2), 2016* |
| *347 de 2016* | *Na Rialacháin um an Acht um Thruailliú Aeir (Fógra um Íocaíocht Shocruithe) (Tuaslagáin), 2016* |
| *348 de 2016* | *Na Rialacháin um an Acht um Thruailliú Aeir (Fógra um Íocaíocht Shocruithe) (Péinteanna), 2016* |
| *372 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Treoir Dramhaíola) (Oibríochtaí Athghabhála), 2016* |
| *373 de 2016* | *Na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Fógra um Íocaíocht Shocraithe) (Freagracht Táirgeora), 2016* |
| *391 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Laghdú ar an gcostas as Líonra Cumarsáide Poiblí Ardluais a úsáid), 2016* |

| *I.R. Uimh.* | *Teideal* |
|---|---|
| *446 de 2016* | *An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 1), 2016* |
| *509 de 2016* | *An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2016 (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe), 2016* |
| *566 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) (Leasú), 2016* |
| *571 de 2016* | *Na Rialacháin um an Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (Clárú Oibritheoirí agus Soláthraithe Málaí Breosla agus Margaíocht, Díolachán, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) (Leasú), 2016* |
| *572 de 2016* | *An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2016 (Tosach Feidhme Forálacha Áirithe) (Uimh. 2), 2016* |
| *581 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh Inathnuaite) (Leasú), 2016* |
| *600 de 2016* | *An tOrdú fán Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí), 2016* |
| *626 de 2016* | *An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) Leasú) (Uimh. 2), 2016* |
| *634 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) (Leasú), 2016* |
| *636 de 2016* | *An tOrdú fá na Rialacháin um Scéim Chlibeála na mBradán Fiáin agus na mBreac Geal (Leasú) I.R. Uimh 636, 2016* |
| *646 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) (Leasú), 2016* |
| *658 de 2016* | *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gás Ceaptha Teasa Fluairínithe), 2016* |
| *659 de 2016* | *Na Rialacháin um Chaighdeáin Cháilíocht an Aeir (Leasú) agus Arsanaic, Caidmiam, Mearcair, Nicil agus Hidreacarbóin Il-timthriallacha Aramatacha san Aer Comhthimpeallach (Leasú), 2016* |

## Fodhlíthe Iascaigh Intíre

| Uimhir Fodhlí | Teideal |
|---|---|
| 940 | *An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Líonta Tarraingthe agus Scioblíonta) Uimh. 940, 2016.* |
| 941 | *An Fodhlí um Iascaireacht Doingean a Chaomhnú, Uimh. 941, 2016.* |
| 943 | *An Fodhlí um Shlatiascaireacht Uimh. 943, 2016* |
| 944 | *An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Teorainneacha Gabhála) Uimh. 944, 2016* |
| 945 | *An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh) Uimh. 945, 2016* |
| 946 | *An Fodhlí um Chaomhnú Breac Geal Uimh. 946, 2016* |
| 321 | *An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta) Uimh. C.S. 321, 2016* |

# Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh

Bhí 85 údarú peitriliam san iomlán ar marthain an 31 Nollaig 2016. Áirítear orthu sin:

- 3 Léas Peitriliam
- 2 Ghnóthas Léasa
- 35 Rogha Cheadúnúcháin (a raibh péire díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 27 Ceadúnas Taiscéalaíochta (a raibh péire díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 18 gCeadúnas Sirtheoireachta Peitriliam (a ndearnadh iarratas amháin a ghéilleadh).

Deonaíodh 49 údarú nua sa bhliain 2016. Ina measc sin bhí dhá ghnóthas léasa, 32 rogha cheadúnúcháin amach ón gcósta agus 15 cheadúnas sirtheoireachta peitriliam. Tá sonraí faoi na húdaruithe nua leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **Dunmore Lease Undertaking** | Gnóthas Léasa | Providence Resources PLC<br>Atlantic Petroleum (Ireland) Limited<br>Sosina Exploration Limited | Amach ón gcósta |
| **Helvick Lease Undertaking** | Gnóthas Léasa | Providence Resources PLC<br>Atlantic Petroleum (Ireland) Limited<br>Sosina Exploration Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/1** | Rogha Cheadúnúcháin | Eni Ireland B.V.<br>BP Exploration Operating Company Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/2** | Rogha Cheadúnúcháin | Europa Oil & Gas (Holdings) Plc | Amach ón gcósta |
| **RC 16/3** | Rogha Cheadúnúcháin | ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited<br>Statoil Exploration (Ireland) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/4** | Rogha Cheadúnúcháin | ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited<br>Statoil Exploration (Ireland) Limited | Amach ón gcósta |

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **RC 16/5** | Rogha Cheadúnúcháin | Nexen Petroleum UK Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/6** | Rogha Cheadúnúcháin | Nexen Petroleum UK Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/7** | Rogha Cheadúnúcháin | Nexen Petroleum UK Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/8** | Rogha Cheadúnúcháin | Nexen Petroleum UK Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/9** | Rogha Cheadúnúcháin | Scotia Oil & Gas Exploration Ltd | Amach ón gcósta |
| **RC 16/10** | Rogha Cheadúnúcháin | Statoil Exploration (Ireland) Limited<br>ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/11** | Rogha Cheadúnúcháin | Statoil Exploration (Ireland) Limited<br>ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/12** | Rogha Cheadúnúcháin | Statoil Exploration (Ireland) Limited<br>ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/13** | Rogha Cheadúnúcháin | Statoil Exploration (Ireland) Limited<br>ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/14** | Rogha Cheadúnúcháin | Woodside Energy (Ireland) Pty Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/15** | Rogha Cheadúnúcháin | Theseus Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/16** | Rogha Cheadúnúcháin | AzEire Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/17** | Rogha Cheadúnúcháin | AzEire Limited | Amach ón gcósta |

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **RC 16/18** | Rogha Cheadúnúcháin | Capricorn Ireland Ltd | Amach ón gcósta |
| **RC 16/19** | Rogha Cheadúnúcháin | Europa Oil and Gas (Holdings) PLC | Amach ón gcósta |
| **RC 16/20** | Rogha Cheadúnúcháin | Europa Oil and Gas (Holdings) PLC | Amach ón gcósta |
| **RC 16/21** | Rogha Cheadúnúcháin | Europa Oil and Gas (Holdings) PLC | Amach ón gcósta |
| **RC 16/22** | Rogha Cheadúnúcháin | Europa Oil and Gas (Holdings) PLC | Amach ón gcósta |
| **RC 16/23** | Rogha Cheadúnúcháin | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/24** | Rogha Cheadúnúcháin | Petrel Resources Plc | Amach ón gcósta |
| **RC 16/25** | Rogha Cheadúnúcháin | Petrel Resources Plc | Amach ón gcósta |
| **RC 16/26** | Rogha Cheadúnúcháin | Predator Oil and Gas Ventures Limited Theseus Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/27** | Rogha Cheadúnúcháin | Providence Resources Plc Sosina Exploration Ltd | Amach ón gcósta |
| **RC 16/28** | Rogha Cheadúnúcháin | Ratio Petroleum Limited | Amach ón gcósta |
| **RC 16/29** | Rogha Cheadúnúcháin | Scotia Oil and Gas Exploration Ltd | Amach ón gcósta |
| **RC 16/30** | Rogha Cheadúnúcháin | Predator Oil and Gas Ventures Limited Theseus Limited | Amach ón gcósta |

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **RC 16/31** | Rogha Cheadúnúcháin | AzEire Ltd | Amach ón gcósta |
| **RC 16/32** | Rogha Cheadúnúcháin | AzEire Ltd | Amach ón gcósta |
| **CSP 1/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Electromagnetic Geoservices ASA | Amach ón gcósta |
| **CSP 2/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Woodside Energy (Ireland) Pty Ltd | Amach ón gcósta |
| **CSP 3/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Providence Resources Plc | Amach ón gcósta |
| **CSP 4/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Polarcus MC Ltd | Amach ón gcósta |
| **CSP 5/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | CGG Services SA | Amach ón gcósta |
| **CSP 6/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | ExxonMobil Exploration and Production Ireland (Offshore South) Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 7/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Nexen Petroleum U.K. Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 8/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | TGS-NOPEC Geophysical Company ASA | Amach ón gcósta |
| **CSP 9/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Statoil Exploration (Ireland) Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 10/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | PGS Exploration (UK) Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 11/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Europa Oil and Gas (Holdings) PLC | Amach ón gcósta |

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **CSP 12/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | ENI Ireland B.V. | Amach ón gcósta |
| **CSP 13/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Predator Oil and Gas Ventures Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 15/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | AzEire Limited | Amach ón gcósta |
| **CSP 17/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Petrel Resources PLC | Amach ón gcósta |
| **CSP 18/16** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ón gcósta |

# Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Bhí freagracht ar an Roinn as 18 gcomhlacht Stáit de chineál tráchtála, neamhthráchtála agus rialála in 2016, mar a leagtar amach thíos:

| Comhlacht | Príomhról |
|---|---|
| An Post | Soláthróir náisiúnta sheirbhísí poist na hÉireann. |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide | Is é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil earnáil na cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió, tarchur craoltóireachta agus seirbhísí ardráta) agus na hearnála poist. Tá ComReg freagrach as na líonraí tarchuir de gach cineál, lena n-áirítear an tseirbhís sreinge teileafóin traidisiúnta, oibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse, líonraí fón póca agus an tseirbhís poist. |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | Bunaíodh í faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003 chun formhaoirsiú a dhéanamh ar an Mol Digiteach. |
| Raidió Teilifís Éireann | An craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, ar comhlacht neamhspleách reachtúil é. |
| TG4 | Is é TG4 an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí Gaeilge, agus is comhlacht neamhspleách reachtúil é. |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an 1 Deireadh Fómhair 2009 mar rialálaí neamhspleách le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá raon cuspóirí agus feidhmeanna éagsúla ag an Údarás. Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích, tá freagracht ar an Údarás as a chinntiú go mbíonn a chur chuige i leith rialála réasúnta agus go gcuirtear raon agus cineál na seirbhísí craolacháin in Éirinn san áireamh. Tá freagracht ar an Údarás as a chinntiú go mbíonn an rialáil craolacháin cobhsaí. Ina theannta sin, tá ról ag an Údarás i dtaca le forbairt teicneolaíochta a spreagadh san earnáil chraolacháin. |

| Comhlacht | Príomhról |
|---|---|
| Bord Soláthair an Leictreachais | Is corparáid reachtúil é BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Is fóntas é BSL atá comhtháite go hingearach agus a ghabhann do ghiniúint, do tharchur, do dháileadh agus do sholáthar leictreachais. |
| EirGrid plc | Bunaíodh EirGrid plc chun feidhmiú mar Oibreoir Córais Tarchuir neamhspleách, i gcomhréir le ceanglais Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Leictreachas agus tháinig sé chun bheith feidhmiúil mar Oibreoir Córais Tarchuir an 1 Iúil 2006. |
| An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh | Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh rialálaí neamhspleách fuinnimh na hÉireann ag a bhfuil réimse feidhmeanna geilleagracha, custaiméirí agus sábháilteachta. Is é an Coimisiún rialálaí geilleagrach chóras poiblí uisce na hÉireann freisin.<br>Tá an Coimisiún freagrach as gnóthais fuinnimh a cheadúnú agus a údarú, as sláine soláthairtí leictreachais agus gáis a chinntiú, as rialáil a dhéanamh ar tharaifí áirithe agus as forbairt a dhéanamh ar mhargaí náisiúnta agus réigiúnacha gáis agus leictreachais i gcomhréir lena fheidhmeanna reachtúla agus le ceanglais náisiúnta agus ceanglais AE. Tá an Coimisiún freagrach freisin as rialáil a dhéanamh ar shábháilteacht gníomhaíochtaí réamhtheachtacha taiscéalaíochta agus astarraingthe peitriliam. |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | Níl aon toilleadh oibríochtúil/fostaithe ag Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann ó díoladh a gnó agus sócmhainní tráchtála (Scaglann an Gheata Bháin agus críochfort stórála Bheanntraí) i mí Iúil 2001. Baineann a gníomhaíochtaí reatha lena cearta agus lena hoibleagáidí faoin gComhaontú Díolacháin agus Ceannaigh a bhaineann leis an idirbheart ó 2001 agus leo sin amháin. |
| Bord na Móna plc. | Soláthraíonn Bord na Móna táirgí agus seirbhísí atá bunaithe go príomha ar mhóin. Soláthraíonn an Chuideachta táirgí agus seirbhísí eile in earnálacha gnó an chomhshaoil, an fhuinnimh in-athnuaite, na giniúna leictreachais agus an bhainistithe dramhaíola. I mí an Mheithimh 2014, shocraigh an Rialtas oibríochtaí tráchtála Bhord na Móna agus Choillte a chuíchóiriú agus iad a athdhíriú ar na hearnálacha bithfhuinnimh agus fuinneamh gaoithe go príomha. Dá bharr sin ní mór do Bhord na Móna agus do Choillte comhoibriú i gceithre phríomhréimse: gaoth; bithmhais; turasóireacht agus áineas; agus seirbhísí roinnte. |

| Comhlacht | Príomhról |
| --- | --- |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | Bunaíodh an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta in 1995. Bunaíodh mar fhochuideachta de Irish National Petroleum Corporation Limited (Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann) ar dtús é, ach bunaíodh mar chomhlacht Stáit as féin í in 2007 faoi fhorálacha an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta. Cothaíonn sí stoic straitéiseacha ola de réir oibleagáidí stórála ola an Stáit leis an AE agus leis an nGníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta. Riarann sí Scéim Oibleagáidí Bithbhreoslaí na hÉireann freisin. |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | Rinneadh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), ar a dtugtaí Fuinneamh Inmharthana Éireann, a bhunú sa bhliain 2002 chun forbairt fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus cabhair a thabhairt maidir le forbairt fuinnimh inbhuanaithe. |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Is comhlacht poiblí neamhspleách faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as comhshaol na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú mar acmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann.  Comhlíonann sí a feidhmeanna reachtúla trí mheascán de cheadúnú comhshaoil, monatóireacht, rialáil, forfheidhmiú, taighde agus oideachas. |
| Iascach Intíre Éireann | Tá Iascach Intíre Éireann freagrach as an acmhainn iascaigh intíre agus slatiascaireacht mhara, ar fud na tíre, a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. |
| An Bord Mianadóireachta | Bord neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Forbairte Minearál 1940, agus é mar fheidhm aige cúiteamh a chinneadh i gcásanna éagsúla. Tá sé de chúram air freisin a chinneadh cé na mianraí a nglacfar leo i gcomhréir le ceart eisiach an Stáit chun mianraí a oibriú faoin Acht sin. |
| Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann | Is Comhlacht Thuaidh Theas í an Ghníomhaireacht a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tá sí freagrach as na nithe seo a leanas:<br>(a) forbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a chur chun cinn chun críocha tráchtála agus áineasa i leith nithe a bhaineann leis an muir, le hiascach agus le dobharshaothrú;<br>(b) iascach intíre a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt;<br>(c) dobharshaothrú a fhorbairt agus a cheadúnú; agus<br>(d) turasóireacht mhara a fhorbairt. |

# Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála

Ní áirítear cuntais na gComhlachtaí Stát-tionscanta faoina cúram ar chuntais na Roinne.  Mar sin féin, bhí an tAire, agus dá bhrí sin an Roinn, freagrach in 2016 thar ceann an Stáit as cúig Chomhlacht tráchtála Stát-tionscanta tá sonraí airgeadais i ndáil leis na Comhlachtaí seo ar fáil ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas.

- www.anpost.ie
- www.esb.ie
- www.bordnamona.ie
- www.rte.ie
- www.eirgrid.com

# Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| ComReg | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| I.R. | Ionstraim Reachtúil |
| INFOMAR | An Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige |
| I-SEM | An Tionscadal Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite |
| Mbps | Meigighiotáin sa soicind |
| MW | Meigeavata |
| RCGAC | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann |
| SGÉ | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| ÚFIÉ | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |